An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine

SCÉIM NUACHÓIRITHE
TALMHAÍOCHTA SPRIOCDHÍRITHE 3
(TAMS 3)

Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe Clóis

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

Arna tabhairt isteach ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 807/2014, 808/2014 agus 809/2014 ón gCoimisiún á gcur chun feidhme

Agus Rialachán (AE) 2020/2022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 á chur chun feidhme

Déantar foráil maidir leis an Scéim seo i gClár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014-2022

An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe: An Eoraip ag infheistiú i gceantair thuaithe.

7 Meán Fómhair 2024

Clár Ábhar

1. Réamhrá 4
1.1 Rialacháin Rialaithe 4
1.2 Cuspóir 4
1.3 Cistiú agus Maoiniú 4
1.4 Dáta tosaigh na Scéime 5
1.5 An t-údar leis an gcúnamh a dheonú 6
1.6 Nósanna Imeachta agus Cásanna nach bhfuil coinne leo nó Cúinsí Eisceachtúla 6
1.7 Athbhreithniú ar Théarmaí agus Coinníollacha 6
1.8 Léirmhíniú 6
1.9 Díscaoileadh Comhpháirtíochtaí Cláraithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara 6
1.10 Athrú Céannachta 7
2. Sainmhínithe 8
3. Incháilitheacht 10
3.1 Ceanglais ghinearálta 10
3.2 Incháilitheacht an iarratasóra i gcás ina bhfuil an gabháltas faoi úinéireacht duine dlítheanach/ar léas ag an duine sin 11
3.3 Freagracht na nIarratasóirí agus/nó an Ghníomhaire 11
3.4 Gabháltas nó Coinníollacha a Chruthú go Bréagach 11
4. Cé na hInfheistíochtaí atá Incháilithe? 12
4.1 Liosta Míreanna 12
4.2 Cead Pleanála 12
4.3 Gníomhaíocht feirmeoireachta 13
5.1 Iarratais a chuirtear isteach ar líne 13
5.2 An doiciméadacht is gá a chur isteach i dteannta an iarratais agus an éilimh 14
5.3 Líníochtaí agus doiciméadacht tacaíochta a chur isteach i ndáil leis an iarratas 15
6. Nuair a fhaigheann an Roinn na hiarratais 17
6.1 Measúnú ar iarratais scéime 17
6.2 Coinníollacha a bhaineann le formheas 18
6.3 Leasú ar chostas tagartha 19
7. Tosú na hOibre 19
7.1 Sláinte agus Sábháilteacht 19
7.2 Fóntacht na tógála nó leorgacht chun críche infheistíochtaí 19
7.3 Tionchar timpeallachta na n-oibreacha beartaithe 20
7.4 Forálacha dlíthiúla, toilithe 20
7.5 Earraí agus Ábhar ó thíortha neamh-AE 20
8. An Obair a Chur i gCrích agus Éilimh ar Íocaíocht 20
8.1 Admhálacha i leith obair arna déanamh ag daoine seachas an t-iarratasóir 21
8.2 Saothar nó innealra dílis arna sholáthar ag an iarratasóir nó ag duine muinteartha leis nó léi 23
8.3 Lamháltais uasta i dtoisí na struchtúr a cuireadh i gcrích 23
8.4 Coinníollacha scéime maidir le hInfheistíochtaí 24
8.5 Úsáid infheistíochtaí 25
9. Cúrsa Oiliúna maidir le Sábháilteacht Feirme 25
10. Ceanglais chánach 26
10.1 Ceanglais imréitigh cánach an chonraitheora 26
11 Iniúchadh ag an Roinn 26

11.1 Iniúchadh Comhlíontachta 26
11.2 Ceart iontrála 26
12. Pionóis agus Laghduithe 27
13 Coinníollacha Ginearálta a bhaineann leis an Scéim 27
13.1 Poiblíocht 27
13.2 Fógra Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 28
13.3 An tAonad um Fhiosruithe Oidhreachta 31
13.4 Force Majeure nó cúinsí eisceachtúla 31
13.5 Achomhairc chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta 32
IARSCRÍBHINN A 33
IARSCRÍBHINN B 35
IARSCRÍBHINN C 40
IARSCRÍBHINN D 43
IARSCRÍBHINN E 44
IARSCRÍBHINN F 48
IARSCRÍBHINN G 51
IARSCRÍBHINN H 52
IARSCRÍBHINN I 53

Teidil na nIarscríbhinní

A Doiciméadacht dhlíthiúil a éilítear ó iarratasóir
B Míreanna Infheistíochta Incháilithe
C Sceideal na bPionós
D Aonaid táirgthe do dhianfhiontair a ríomh
E Foirm Chláraithe Custaiméirí CCS
F HSA - Treoir do chliaint a bhfuil baint acu le tionscadail tógála
G Sonraí teagmhála
H Iarraidh chun sonraí iarratasóra TAMS 3 a leasú
I Barra Incháilithe

1. Réamhrá

D'ullmhaigh an Roinn an doiciméad seo mar chúnamh chun a chinntiú go bhfuil feirmeoirí agus comhairleoirí ar an eolas faoi na ceanglais agus na coinníollacha a ghabhann le híocaíochtaí lena mbaineann agus chun cabhrú le hiarratais ar an Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe Clóis a chomhlánú. **Nuair a chuirtear d'iarratas isteach ar líne tá tú ag glacadh leis go dtuigeann tú na Téarmaí agus Coinníollacha atá leagtha amach sa doiciméad seo agus go gcomhlíonfaidh tú iad go hiomlán.** Is iad téarmaí agus coinníollacha na scéime is infheidhme maidir le formheas agus éilimh íocaíochta an leagan atá i gcúrsaíocht ar dháta an iarratais.

1.1 Rialacháin Rialaithe

Tá an scéim seo á cur chun feidhme de bhun clár formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1305/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 agus Rialacháin (AE) 807/2014, 808/2014 agus 809/2014 ón gCoimisiún maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Leagtar síos le Rialacháin (AE) 1306/2013 agus 640/2014, arna leasú, na mionsonraí i ndáil le Force Majeure agus Pionóis Riaracháin.

Faoi Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022.

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a oibreoidh an scéim agus beidh sí ag feidhmiú i ngach réimse den Stát.

1.2 Cuspóir

Is é príomhchuspóir na Scéime cabhrú le feirmeoirí trealamh nua a cheannach chun aonaid mhuc agus éanlaithe clóis a uasghrádú ar a bhfeirmeacha agus ar an gcaoi sin tacú le feirmeoirí ceanglais reachtacha maidir le leas ainmhithe a chomhlíonadh mar seo a leanas:

Treoir 2008/120/CE an 18 Nollaig 2008 ón gComhairle lena leagtar síos íoschaighdeáin maidir le cosaint muc;

Treoir 2007/43/CE an 28 Meitheamh 2007 ón gComhairle lena leagtar síos íosrialacha maidir le cosaint sicíní arna gcoimeád le haghaidh táirgeadh feola (sicíní cuibhrithe);

Treoir 1999/74/CE an 19 Iúil 1999 ón gComhairle lena leagtar síos íoschaighdeáin maidir le cosaint do bhéaróga.

Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a éascú chun iomaíochas a fheabhsú agus rannchuidiú le feabhas a chur ar ioncaim talmhaíochta.

1.3 Cistiú agus Maoiniú

(i) Tá an Scéim cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach agus ag an státchiste náisiúnta. Tá an cistiú don Scéim teoranta agus tá gach iarratas faoi réir fheidhmiú na gcritéar roghnúcháin.

Ní íocfar cúnamh deontais ach ar chaiteachas formheasta, críochnaithe agus incháilithe agus íocfar í ag ráta 40% suas go dtí an uasteorainn infheistíochta is infheidhme de €500,000 **in aghaidh an ghabháltais**. Tá cúpla iarratas in aghaidh an tráinse ceadaithe. Mar sin féin, is é €2,000 in aghaidh an iarratais an t-íosmhéid infheistíochta atá incháilithe le haghaidh formheasa faoin Scéim seo.

I gcásanna ina bhfuil uasteorainn infheistíochta ábhartha an iarratasóra/na n-iarratasóirí caite, ní ghlacfar le haon iarratas ina dhiaidh sin faoin scéim ábhartha TAMS 3. Tabhair faoi deara, mar chuid de ríomh na híocaíochta cúnaimh deontais, go laghdaítear uasteorainn infheistíochta an iarratasóra/na n-iarratasóirí sula gcuirfear pionós nó laghdú i bhfeidhm.

(ii) Ní bheidh iarratasóirí a fhaigheann formheas agus íocaíocht ar oibreacha infheistíochta ag an uasteorainn €500,000 faoin Scéim seo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontais faoi aon Scéim TAMS 3 eile a oibríonn an Roinn faoi RDP 2023 – 2025 cé is moite de na hiarratais faoin Scéim Scaipthe Sciodair Íseal-Astaíochtaí (LESS) agus faoin Scéim Infheistíochta Caipitil Gréine (SCIS) nach bhfuil faoi réir na huasteorann.
Déanfar aon fhormheas a eisítear nó aon chúnamh deontais a íoctar faoin Scéim seo leis an iarratasóir nó le cuideachta faoina chumas nó faoina cumas éifeachtach agus faoina bhainistíocht nó faoina bainistíocht de réir bhrí 3.2 thíos a chur san áireamh chun na críche sin i.e., ní bheidh aon ghabháltas i dteideal aon leibhéal infheistíochta is mó ná €500,000 a chur san áireamh chun críocha deontais faoin Scéim seo.
I gcás iarratais ó bheirt chomhpháirtithe incháilithe nó níos mó i gcomhpháirtíocht atá cláraithe ar Chlár Comhpháirtíochta Feirme na Roinne seo méadófar an uasteorainn infheistíochta incháilithe go €500,000 agus beidh feidhm ag na forálacha ag (ii) thuas.
Is eintitis neamhspleácha dhleathacha trádála iad comhlachtaí agus mura bhfuil fianaise ann a léiríonn a mhalairt, tá siad i dteideal a n-uimhir TAMS 3 féin agus a srianta TAMS féin a bheith acu.

(iii) Ní mór don iarratasóir gealltanas a thabhairt nach bhfuil cistiú eile náisiúnta nó AE le haghaidh infheistíochtaí agus/nó gníomhaíochtaí a cháilíonn le haghaidh cúnaimh faoin Scéim seo iarrtha nó faighte acu, go díreach nó go hindíreach.

(iv) Ríomhfar cúnamh deontais in aghaidh na míre infheistíochta ar bhonn an mhéid is ísle de na méideanna seo a leanas:

(i) Costálacha Tagartha na Roinne is infheidhme ar dháta an fhormheasa;

(ii) Measann an Roinn go bhfuil iomlán na sonrasc incháilithe atá marcáilte “íoctha”, glan ar CBL, mar aon le costais a ranníocaíochta féin i dtéarmaí saothair agus innealra, incháilithe;

(iii) Costas na hinfheistíochta a mhol an t-iarratasóir a léirítear ar a iarratas. Tabhair faoi deara, nach mór na costais infheistíochta atá beartaithe a bheith réasúnta agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir fíoraithe sula ndéanfar rangú agus roghnú;

I gcás inarb infheidhme, déanfar méadú 33% ar na Costálacha Tagartha i leith infheistíochtaí a dhéantar ar oileáin amach ón gcósta.

1.4 Dáta tosaigh na Scéime

Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm an dáta a fhógraíonn an tAire amhail ó 2023 agus tá an dáta deiridh chun iarratais a fháil le deimhniú.

1.5 An t-údar leis an gcúnamh a dheonú

Beidh cúnamh le haghaidh infheistíochta i gcónaí faoi réir an choinníll go bhfuil údar leis an infheistíocht, i dtuairim an Aire.

1.6 Nósanna Imeachta agus Cásanna nach bhfuil coinne leo nó Cúinsí Eisceachtúla

Leagfaidh an tAire na nósanna imeachta síos atá le leanúint in oibriú na Scéime agus forchoimeádfaidh sé nó sí an ceart chun na nósanna imeachta sin a athrú (lena n-áirítear an scéim marcála a úsáidtear chun iarratais a mheasúnú) ó am go ham. Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, coinníollacha breise a leagan síos faoin scéim.

I gcás imthosca nach raibh coinne leo nó atá eisceachtúil (éigeandáil sláinte poiblí nó sláinte ainmhithe, saincheisteanna maicreacnamaíocha) is féidir go mbeidh ar an Aire nó ar a oifigigh nó a hoifigigh athruithe a thabhairt isteach ar na nósanna imeachta nó ar oibriú na scéime. Is féidir go mbeidh ceanglas ann maidir le doiciméid tacaíochta bhreise, grianghraif gheochlibeáilte, oiliúint sábháilteachta nó athrú ar nósanna imeachta cigireachta agus iniúchóireachta.

1.7 Athbhreithniú ar Théarmaí agus Coinníollacha

Forchoimeádann an tAire an ceart chun infhaighteacht na scéime a shrianadh agus chun méid an chúnaimh airgeadais a athrú nuair atá gá lena dhéanamh, aon áit a sonraítear sin sa scéim faoi réir, gach tráth, fhorálacha aon reachtaíochta ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh.

Forchoimeádann an tAire an ceart chun Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime a athrú. Ní féidir athbhreithnithe ar an Scéim a chur i bhfeidhm maidir le leaganacha roimhe seo den Scéim go háirithe aon infheistíocht/infheistíochtaí breise.

1.8 Léirmhíniú

Féadfaidh an Roinn leathnú ar aon bhrí atá le haon ghné de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime, í a mhíniú, a léirmhíniú, nó a shainiú.

1.9 Díscaoileadh Comhpháirtíochtaí Cláraithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

a) I gcás ina ndéantar comhpháirtíocht feirme chláraithe a dhíscaoileadh sula n-eisítear formheas chun na hoibreacha/infheistíochtaí a dhéanamh faoin Scéim, rachaidh an t-iarratas a thaisctear leis an gcomhpháirtíocht sin as feidhm.
b) I gcás ina ndéantar comhpháirtíocht feirme chláraithe a dhíscaoileadh tar éis formheas a fháil ach sula dtaisctear an t-éileamh ar íocaíocht, ní mór duine de na hiarpháirtithe a ainmniú mar íocaí. Féach mír 6.2.
c) I gcás ina ndéantar comhpháirtíocht feirme chláraithe a dhíscaoileadh tar éis na híocaíochta, ní mór don iar-chomhpháirtí/do na hiar-chomhpháirtithe ag a bhfuil smacht ar an talamh ar a bhfuil an infheistíocht suite gealltanas a thabhairt an infheistíocht sin a úsáid i gcomhréir le mír 8.5.
d) Is féidir an méid seo a leanas a bheith mar thoradh ar dhíscaoileadh comhpháirtíochta:
    - Laghdú ar an íocaíocht
    - Laghdú ar uasteorainneacha infheistíochta
    - Forchúiteamh na n-íocaíochtaí a rinneadh
    - Iarmhéideanna infheistíochta d'iarpháirtithe a choigeartú
    - Cuirfear *force majeure* san áireamh sula ndéantar aon fhorchúiteamh/laghdú

e) I gcás ina ndíscaoiltear comhpháirtíocht in aon tréimhse idir iarratas a chur isteach agus suas le cúig bliana tar éis dháta na híocaíochta deiridh, ní mór fógra faoin díscaoileadh a sheoladh chuig Rannóg

TAMS 3, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, laistigh de cheithre seachtaine oibre. Scrúdófar gach cás ar a fhiúntas féin.

1.10 Athrú Céannachta

Más rud é, tar éis formheas a eisiúint, nó cúnamh deontais a íoc, go ndéantar rialú an ghabháltais a athrú nó a aistriú ón iarratasóir bunaidh do dtí eintiteas eile (Duine Aonair, Comhpháirtíocht nó Cuideachta), ní mór 'Iarraidh chun sonraí iarratasóra TAMS 3 a leasú' a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig Rannóg TAMS, Rannán OFI, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, (féach Iarscríbhinn H). Ní mór don iarratasóir atá ann cheana agus don eintiteas nua araon an t-iarratas a chomhlánú. Ní cheadófar athrú céannachta, nach mbaineann le hoidhreacht ná le comharbas, ach amháin má tá nasc idir an dá eintiteas a bhfuil an t-aistriú á dhéanamh acu. Mar shampla, má tá iarratasóir aonair ag aistriú chuig cuideachta, ní mór don iarratasóir aonair a bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta. Mar an gcéanna, má tá an t-aistriú ar siúl idir iarratasóir aonair agus comhpháirtíocht feirme chláraithe, ní mór don iarratasóir aonair a bheith ina chomhpháirtí.

Agus an fhoirm á comhlánú, aontaíonn an t-eintiteas nua le téarmaí agus coinníollacha na scéime a urramú agus a bheith faoi cheangal acu. Mar shampla, má rinne an t-iarratasóir bunaidh iarratas agus má fuair sé nó sí formheas nó íocaíocht mar dhuine aonair agus má aistríonn sé nó sí an gabháltas chuig cuideachta ansin, ní mór d'ionadaí cuideachta an Fhoirm Iarrata ar shonraí iarratasóra TAMS 3 a leasú a chomhlánú. Mura ndéantar amhlaidh cuirfear moill ar phróiseáil éilimh íocaíochta nó is féidir gurb é a thiocfaidh as sin an cúnamh deontais a íocadh a íoc ar ais. Is féidir go mbeidh ar an eintiteas nua doiciméadacht tacaíochta bhreise a sholáthar mar chuid den aistriú, mar shampla cóip de Dheimhniú cuideachta ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Meabhrán Comhlachais agus Airteagail Chomhlachais nó bunreacht aon doiciméid amháin.

2. Sainmhínithe

Chun críche na Scéime seo: -
ciallaíonn **“gníomhaire”** duine atá údaraithe ag an Roinn chun iarratas a dhéanamh thar ceann iarratasóra chun críocha na Scéime seo.

ciallaíonn **“formheasta”** a bheith formheasta ag oifigeach ainmnithe den Roinn;

ciallaíonn **“Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha”** aon talamh atá ainmnithe mar thalamh atá incháilithe don Scéim Liúntais Cúiteach Ceantarbhunaithe. Tá liosta iomlán de bhailte fearainn le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: gov.ie - Scéimeanna maidir le Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha agus Limistéir um Shrianta Sonracha (Oileáin) (www.gov.ie)

Is foirgneamh nó struchtúr é **“foirgneamh talmhaíochta”** ar ghabháltas an iarratasóra a úsáidtear go heisiach chun críche talmhaíochta/feirmeoireachta. Eisiatar leis foirgnimh nó struchtúir bhaile, tráchtála nó thionsclaíocha;

Ciallóidh **“Ainm Gnó”** ainm gnó atá cláraithe de réir an Achta um Chlárú Gnó 1963. Tá iarratais nó éilimh a chuirtear isteach faoi Ainm Gnó incháilithe ar an gcoinníoll gurb ionann uimhir chánach an ainm gnó agus uimhir chánach an iarratasóra, bíodh an t-iarratasóir ina chomhpháirtíocht, ina chomhlacht corparáideach, nó ina dhuine aonair. I gcás nach bhfuil sin amhlaidh, féadfar iarratas nó éileamh den sórt sin a dhícheadú nó a chumasc le heintiteas eile;

ciallaíonn **“coimíneacht”** tailte atá faoi chomhúinéireacht mar atá sonraithe ar chórais mapála ar líne na Roinne;

is é is **“dáta an iarratais”** ann an dáta a chuirtear an t-iarratas isteach ar líne;

ciallaíonn “**aitheantóir na roinne”** uimhir thréada, uimhir mhuice, uimhir ealta, cláruimhir áitribh eachaí (nó mar
is fearr aithne, tréaduimhir), nó sraithuimhir;

ciallaíonn **“an Roinn”** An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;

ciallaíonn **“talamh incháilithe”** talamh atá faoi úinéireacht nó i seilbh ar léas. Chun talamh incháilithe a chinneadh faoin Scéim, ní áireofar na nithe seo a leanas:

a. an teach cónaithe lena n-áirítear foirgnimh ghaolmhara agus tailte taitneamhachta nach n-úsáidtear le haghaidh feirmeoireachta;
b. foraoiseacht tráchtála nach n-áirítear criosanna foscaidh inti;
c. limistéar faoi uisce go buan gan draenacha a áireamh;
d. cairéil thráchtála, claiseanna gairbhéil agus gainimh;
e. talamh a choinnítear i bhfeo simplí faoi réir cearta féaraigh;
f. tailte a choinnítear i bhfeo simplí faoi réir móinchearta, ach amháin i gcás nár feidhmíodh na móinchearta sin laistigh de na cúig bliana roimh dháta theacht isteach sa Scéim. Tabharfar mionnscríbhinn ón iarratasóir ina ndaingneofar an seasamh i leith na móincheart sin;
g. cearta féaraigh ar thailte inar le duine eile an feo simplí;
h. coimíneacht;

ciallóidh **“feirmeoir”** táirgeoir talmhaíochta aonair, cibé acu duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, cibé stádas dlíthiúil a thugtar don ghrúpa agus dá bhaill leis an dlí

náisiúnta, a bhfuil gabháltas an duine sin suite laistigh de chríoch an Chomhphobail, dá dtagraítear in Airteagal 299 den Chonradh, agus a fheidhmíonn gníomhaíocht talmhaíochta;

cuimsíonn **"feirmeoireacht"** feirmeoireacht déiríochta, táirgeadh beostoic [lena n-áirítear fianna, gabhair, (táirgeadh coiníní, muc agus éanlaithe clóis atá faoi réir aonaid táirgthe a áireamh)], capaill a thraenáil agus stoc folaíochta a thógáil, barra féir agus curaíochta a shaothrú, lena n-áirítear barra gairneoireachta cibé acu faoi choinníollacha barr cosanta nó faoin spéir, beacáin agus táirgeadh stoic plandlainne;

ciallaíonn **"gabháltas"** achar iomlán na talún cibé acu i ndáileacht amháin nó níos mó, lena n-áirítear foirgnimh air, agus/nó aonaid táirgthe atá á n-áitiú agus á mbainistiú ag feirmeoir, cibé acu atá sé faoi úinéireacht, tógtha ar léas, ar cíos nó i seilbh ar shlí eile chun críche feirmeoireachta laistigh den Stát. Níor cruthaíodh an gabháltas, i dtuairim an Aire nó a oifigeach nó a hoifigeach, chun íocaíochtaí a éileamh nó a mhéadú faoin Scéim ná níl sé á chomhbhainistiú ná á rialú ag eintiteas eile nó le heintiteas eile (féach mír 3.4 le haghaidh tuilleadh sonraí);

ciallaíonn **"dianfhiontair"** muca, éanlaith chlóis, beacáin, coiníní, barra gairneoireachta cosanta agus táirgeadh stoic plandlainne;

ciallaíonn **"duine dlítheanach"** eintiteas dlíthiúil ar leithligh ag a bhfuil Deimhniú Corpraithe agus Meabhrán Comhlachais agus Airteagail Chomhlachais nó bunreacht aon doiciméid amháin;

ciallaíonn **"léas"** forléasadh ar feadh téarma blianta faoi sheilbh iomlán. Caithfidh 5 bliana a bheith ag an léas le rith ó dháta íocaíochta deiridh TAMS 3 agus ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim é a fhíorú nó dleacht stampála a íoc air, ach amháin i gcás léas le céile. I gcás ina meastar go rachaidh léas in éag laistigh de chúig bliana ó dháta na híocaíochta deiridh, ní eiseofar an íocaíocht sin go dtí go ndéanfar fianaise i scríbhinn gur cuireadh síneadh leis an léas lena mbaineann a thaisceadh leis an Roinn. Aon athruithe ar léas, Gníomhas Athraithe fianaithe agus sínithe a bheidh ann;

ciallaíonn **"An tAire"** an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara;

ciallaíonn **"tailte faoi úinéireacht"** tailte atá i seilbh i gceann de na hearnálacha seo a leanas:

- cláraithe mar úinéir aonair, tionónta i gcoiteannas nó comhúinéir ar fhóilió an Údaráis Clárúcháin Maoine nó ar an ngníomhas tíolacais/dintiúir atá cláraithe san Údarás Clárúcháin Maoine;
- gníomhas aistrithe/gníomhas aontaithe stampáilte i gcás inarb iomchuí ag na Coimisinéirí Ioncaim ag feitheamh le clárú san Údarás Clárúcháin Maoine leis an uimhir dhéileála a ghabhann leis sin;
- talamh atá dílsithe ag Coimisiún na Talún agus atá ag feitheamh le clárú san Údarás Clárúcháin Maoine;
- talamh a choinnítear le Leas Saoil atá cláraithe go cuí san Údarás Clárúcháin Maoine;
- áititheoir tairbhiúil atá, ar ball teaghlaigh é nó í den úinéir cláraithe, i seilbh gabháltais agus á áitiú gan cheistiú agus ag fáil cíosanna agus brabús ar feadh 5 bliana ar a laghad;

ciallaíonn **"comhpháirtíocht chláraithe"** comhpháirtíocht atá cláraithe ag an Aire ar Chlár na Roinne de Chomhpháirtíochtaí Feirme;

is é is **"costas tagartha"** ann costas ríofa na Roinne (gan CBL a áireamh) do gach infheistíocht. Is é an costas uasta a úsáidtear chun cúnamh deontais a ríomh. Ríomhtar an costas tagartha maidir le gach struchtúr / infheistíocht i gcomhréir leis na Nótaí Míniúcháin ar Chostálacha. Tá na costais tagartha agus na Nótaí Míniúcháin ar Chostálacha ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie - TAMS (3) (www.gov.ie)

agus tá siad faoi réir athbhreithniú go tréimhsiúil;

is é atá i gceist le **"sonraíochtaí struchtúr"** an caighdeán teicniúil chun infheistíochtaí incháilithe a thógáil, a chríochnú nó a cheannach;

ciallaíonn **"tráinse"** tréimhse ama inar féidir iarratas a chur isteach lena mheasúnú;

ciallaíonn **"iarratas bailí"** iarratas atá comhlánaithe go hiomlán agus curtha isteach ar líne agus an doiciméadacht tacaíochta riachtanach uile a ghabhann leis;

ciallaíonn **"éileamh bailí ar íocaíocht"** éileamh ar íocaíocht atá comhlánaithe go hiomlán agus curtha isteach ar líne agus an doiciméadacht tacaíochta riachtanach uile atá curtha isteach;

3. Incháilitheacht

3.1 Ceanglais ghinearálta

Tá an Scéim oscailte dóibh seo a leanas

Feirmeoirí muc -

(i) a bhfuil Uimhir Thréada Muc acu don ghabháltas atá faoi réir na hinfheistíochta;

(ii) a ghineann 20 aonad táirgthe ar a laghad ón bhfeirmeoireacht – Féach Iarscríbhinn D;

(iii) Ní mór don iarratasóir a thuairisceán Móráirimh Muc a líonadh isteach agus a chur ar fáil do RTBM, i mbliain an iarratais (e.g. 2023) nó sa bhliain roimhe sin (2022).

(iv) Tráth an iarratais ní mór don iarratasóir agus don ghabháltas is ábhar don infheistíocht iad seo a leanas a líonadh isteach agus a chur ar fáil do AHI faoi TASAH (An tSeirbhís Chomhairleach Spriocdhírithe ar Shláinte Ainmhithe) i mbliain an iarratais nó sa bhliain roimhe

a) Bithshlándáil bith-Sheiceála agus WebHat

b) Measúnú riosca leasa maidir le muca a bhíonn ag baint greamanna as eireabaill a chéile

(v) Tráth an iarratais, ní mór don iarratasóir tuairisceáin sonraí ar Úsáid Fhrithmhiocróbach (AMU) le haghaidh dhá ráithe de na trí ráithe roimh dháta an iarratais a líonadh isteach agus a chur ar fáil do RTBM.

(vi) Ní mór don iarratasóir agus don ghabháltas is ábhar don infheistíocht, ballraíocht a bheith aige i scéim dearbhaithe Cáilíochta Muc Bhord Bia tráth an iarratais arna fhíorú ag https://qas.bordbia.ie/Pig/Verify/

(vii) Ní mór do gach Uimhir Loirg Muc atá ceangailte le láithreán na hinfheistíochta pointí (i) go (v) thuas a chomhlíonadh tráth an iarratais.

Tá iontrálaithe nua chuig an bhfeirmeoireacht muc (iarratasóirí nach raibh ag gabháil d'fheirmeoireacht muc roimhe seo agus nach bhfuil uimhir thréada muc acu) díolmhaithe ó na ceanglais ghinearálta tráth an iarratais ach iad a bheith in ann roinn 3.4 Gabháltas nó Coinníollacha a Chruthú go Bréagach a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní mór d'iarratasóir Uimhir Thréada Muc a bheith aige tráth a ndéanann sé éileamh ar íocaíocht.

Feirmeoirí éanlaithe clóis -

(i) ag a bhfuil aitheantóir Roinne

(ii) a ghineann 20 aonad táirgthe ar a laghad ón bhfeirmeoireacht – Féach Iarscríbhinn D;

Níl iarratas a chuirtear isteach thar ceann eastát duine éagtha - “mar Ionadaí dó” incháilithe faoin scéim mura gcuirtear an méid seo a leanas ar fáil mar chuid den iarratas: Fianaise ar dheonú Probháide agus/nó Deonú Riaracháin i gcás Díthiomnachta agus sainaithint chomharba(í)/thairbhithe an eastáit. Má mheastar go bhfuil an t-iarratas incháilithe, is féidir leis an eastát nó comharba/tairbhí láithreán na hinfheistíochta oibreacha infheistíochta a íoc. Mar sin féin, sula bhféadtar íocaíocht a dhéanamh ní mór úinéireacht a bheith glactha ag an gcomharba/an tairbhí ar láithreán/láithreáin na hinfheistíochta/na n-infheistíochtaí.

3.2 Incháilitheacht an iarratasóra i gcás ina bhfuil an gabháltas faoi úinéireacht duine dlítheanach/ar léas ag an duine sin

Féadfar glacadh le hiarratas in ainm duine dhlítheanaigh ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an duine dlítheanach na critéir incháilitheachta ag 3.1. Ní mór cóip de Dheimhniú cuideachta ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Meabhrán Comhlachais agus Airteagail Chomhlachais nó bunreacht aon doiciméid amháin a chur isteach mar thaca leis an iarratas.

3.3 Freagracht na nIarratasóirí agus/nó an Ghníomhaire

Is ar an **iarratasóir agus/nó ar an ngníomhaire lena mbaineann** atá an **fhreagracht iomlán as an eolas** atá san iarratas, san éileamh ar íocaíocht agus sa doiciméadacht tacaíochta a chuirtear isteach, cibé acu ar líne nó de láimh i gcás doiciméadacht tacaíochta. Ní ghlacfaidh an Roinn le haon fhreagracht as earráidí nó easnaimh atá in iarratais ar chúnamh deontais nó aon doiciméadacht tacaíochta a éilítear.
Is ar an iarratasóir lena mbaineann atá an fhreagracht iomlán as iarratais a fháil ar chóras ar líne na Roinne faoin dáta deiridh dá dtagraítear in 1.4 thuas.

Beidh sé de fhreagracht ar an iarratasóir féin cleachtadh a fháil ar Théarmaí agus Coinníollacha na scéime, na sonraíochtaí, agus aon leasuithe orthu agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le sáruithe ar an scéim.

Ní chiallaíonn formheas ná íoc cúnaimh faoin scéim go nglacann an tAire le haon fhreagracht a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí a ghabhann na rannpháirtithe orthu féin.

3.4 Gabháltas nó Coinníollacha a Chruthú go Bréagach

Féadfar diúltú d’iarratas, nó féadfar éileamh ar íocaíocht a dhícheadú más rud é, i dtuairim an Aire nó a oifigeach nó a hoifigeach, gur cruthaíodh an gabháltas nó na coinníollacha lena mbaineann go bréagach chun tairbhí a tharraingt anuas nó a uasmhéadú faoin Scéim. Mar an gcéanna, má fhaightear amach go bhfuil an gabháltas á rialú nó á bhainistiú i gcomhpháirt le heintiteas eile nó ag eintiteas eile, féadfar an t-iarratas nó an t-éileamh a dhícheadú nó a chumasc leis an eintiteas eile.
I gcás ina gcinntear bainistiú agus rialú comhpháirteach, féadfar a mheas go bhfuil na heintitis ina ngabháltas amháin, agus an t-iarratas nó an t-éileamh dícheadaithe nó cumaiscthe leis an eintiteas eile/na heintitis eile.

Agus incháilitheacht á cinneadh, scrúdófar iarratas agus nó éileamh ar íocaíocht trí thagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

(a) cruthú/méadú an ghabháltais
(b) cruthú agus rialú an eintitis atá ag déanamh iarratais
(c) bainistiú an ghabháltais mar aonad ar leithligh ó ghabháltais eile
(d) méid agus scála na hinfheistíochta i gcomparáid le méid agus gníomhaíochtaí an ghabháltais
(e) suíomh na hinfheistíochta beartaithe i gcomparáid le gabháltas an iarratasóra agus gabháltais eile
(f) úinéireacht láithreán na hinfheistíochta
(g) íocaíocht na hinfheistíochta
(h) cé acu atá nó nach bhfuil duine aonair ina chomhiarratasóir

(i) cé acu atá nó nach bhfuil duine aonair ina chomhpháirtí i gcomhpháirtíocht agus/nó ina scairshealbhóir nó ina stiúrthóir i gcuideachta feirmeoireachta
(j) cé acu a mheasfar go bhfuil na haonaid feirmeoireachta uile atá cláraithe leis an Roinn seo agus ina bhfuil leas ag an duine sin á mbainistiú agus á rialú i gcomhpháirt aige nó aici
(k) Measfar go bhfuil na haonaid feirmeoireachta uile atá cláraithe faoi ainmneacha aon duine de na daoine atá ainmnithe ar an gcomhchuntas bainc, agus faoi ainmneacha gach duine de na daoine sin, á mbainistiú agus á rialú i gcomhpháirt ag iarratasóir ag a bhfuil comhchuntas Bainc le feirmeoir amháin eile nó níos mó, rud a úsáidtear chun críoch feirmeoireachta.
(l) Áirítear le críocha feirmeoireachta íocaíocht le haghaidh infheistíocht TAMS agus ainmniú an chuntais bainc le haghaidh íocaíochtaí na Roinne.
(m) aon saincheist ábhartha eile.

Áirítear ar na fachtóirí a fhéadfar a mheas agus cruthú/méadú gabháltais á scrúdú:
(i) an ghníomhaíocht feirmeoireachta
(ii) inmharthanacht eacnamaíoch na n-infheistíochtaí
(iii) cineál na n-infheistíochtaí atá beartaithe
(iv) Dearbhuithe BPS/BISS
(v) stádas na dtailte – faoi úinéireacht, ar léas etc.
(vi) rochtain neamhspleách ar ghabháltais
(vii) ainmhithe coinnithe ar leithligh, agus saoráidí ar leithligh ina ndéantar na hainmhithe a láimhseáil, a chur faoi dhíon agus a bheathú
(viii) cuntais feirme/taifid airgeadais/fianaise dhoiciméadach eile ar leithligh
(ix) aon saincheist ábhartha eile.

4. Cé na hInfheistíochtaí atá Incháilithe?

4.1 Liosta Míreanna

Déantar cur síos ar liosta de na hinfheistíochtaí incháilithe ag Iarscríbhinn B. Is féidir teacht ar Shonraíochtaí Struchtúracha uile na Roinne agus ar na fógraí uile atá ábhartha maidir leis an Scéim seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ag: [gov.ie - TAMS - Sonraíochtaí maidir le Foirgnimh agus Struchtúir Feirme (www.gov.ie)]

Ba cheart ceisteanna de chineál teicniúil a bhaineann leis na sonraíochtaí a chur isteach mar ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas tams@agriculture.gov.ie. In Iarscríbhinn G liostaítear na huimhreacha teileafóin teagmhála le haghaidh ceisteanna teicniúla.
Ní íocfar cúnamh deontais le haghaidh (a) ábhair ná trealamh athláimhe ná (b) iarthaispeána nó (c) obair a rinne conraitheoirí nach gcomhlíonann na ceanglais imréitigh cánach a leagtar síos i mír 10 den scéim.

Is iad na hinfheistíochtaí seasta a thógtar/a chuirtear suas/a shuiteáiltear ar thalamh incháilithe, agus iad sin amháin, atá incháilithe le haghaidh cúnamh deontais.

Ní íocfar aon chúnamh deontais ar aon infheistíocht ag a bhfuil an t-aerspás céanna le struchtúr ina bhfuil pointe suaite/bainte inmheánach. Caithfear gach pointe suaite/bainte inmheánach a bhaint sula n-éileofar íocaíocht

4.2 Cead Pleanála

Éilítear cead pleanála nó dearbhú díolúine, agus líníochtaí stampáilte ón údarás áitiúil ábhartha le haghaidh roinnt mhaith de na hinfheistíochtaí incháilithe a liostaítear in Iarscríbhinn B. I gcás inarb infheidhme, ní mór cóip den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta iomchuí a dhéantar mar cheanglas den phróiseas pleanála a chur isteach i dteannta dheonú an cheada pleanála.

I gcás ina n-éilítear cead pleanála, ní ghlacfaidh an Roinn le hiarratas mar iarratas bailí mura mbeidh fianaise dhoiciméadach ar dheonú ceada pleanála iomláin, pleanáil athbhreithnithe i gcás ina n-éilítear sin nó dearbhú díolúine le haghaidh na n-oibreacha beartaithe arna n-eisiúint ag an Údarás Áitiúil ag gabháil leis an iarratas. Ní leor fógra maidir le cinneadh cead pleanála a dheonú chun na críche seo.

I gcás ina ndéantar aon athruithe ar na tograí a chumhdaítear le cead pleanála nó dearbhú díolúine ón údarás áitiúil ábhartha, gheofar cead pleanála athbhreithnithe nó dearbhú díolúine sula bhféadfar cúnamh deontais a íoc. Féach roinn 8.3 thíos le haghaidh na lamháltas a cheadaítear.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cheart Deonú Ceada Pleanála nó Deimhniú Díolúine a bheith dátaithe an dáta a chuirtear iarratas isteach faoin Scéim nó roimhe sin, seachas sin measfar go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe agus diúltófar dó.

I gcásanna nach lorgaíonn an Roinn deimhniú maidir le comhlíontacht struchtúir le cead pleanála (mar shampla, araidí béilí) agus ina n-ardaítear saincheist i ndáil leis an ngá le pleanáil, ní mór don iarratasóir fianaise dhoiciméadach a sholáthar i bhfoirm deonú ceada pleanála nó Dearbhú Díolúine le haghaidh an struchtúir sular féidir an t-iarratas a phróiseáil a thuilleadh.

4.3 Gníomhaíocht feirmeoireachta

Ní bhainfidh infheistíochtaí ach leis na gníomhaíochtaí feirmeoireachta a dhéantar nó, i dtuairim na Roinne, ar dócha le réasún go ndéanfar iad ar an ngabháltas i gceist. Maidir le hainmhithe a mharú, ainmhithe a fhaigheann bás a bhailiú nó fáil réidh leo, feoil a dhíol nó a thairiscint lena díol nó ainmhithe a choinneáil lena ndíol nó a thairiscint lena ndíol, ní feirmeoireacht a bheidh i gceist leis sin. Dá bharr sin, beidh infheistíochtaí a bhaineann le háitreabh a mbaintear úsáid astu chun ainmhithe a mharú, chun ainmhithe a fhaigheann bás a bhailiú nó chun fáil réidh leo, chun feoil a dhíol nó a thairiscint lena díol nó chun ainmhithe a choinneáil lena ndíol nó a thairiscint lena ndíol, neamh-incháilithe le haghaidh cúnamh deontais.

5.1 Iarratais a chuirtear isteach ar líne

Ní mór iarratais a chur isteach ar líne trí agfood.ie. Ní mór d'iarratasóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar líne nó trína ngníomhairí a bheith cláraithe ar dtús le haghaidh seirbhísí ar líne (OLSanna) leis an Roinn. Is féidir teacht ar threoracha maidir le clárú ar líne ag www.agfood.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach seirbhísí ar líne agfood in Oifig na Roinne i bPort Laoise ach glaoch ar 049 436 8288 nó ríomhphost a chur chuig agfood@agriculture.gov.ie. Is féidir le hiarratasóirí níos mó ná iarratas amháin a chur isteach in aghaidh an tráinse, faoi réir na teorann íosta infheistíochta.

I gcás ina bhfuil aitheantóir na Roinne cláraithe faoin iliomad ainmneacha, meastar go bhfuil iarratais a chuirtear isteach ina luaitear an t-aitheantóir curtha isteach le toiliú na n-úinéirí cláraithe uile, e.g. sna cásanna seo a leanas:

- I gcás ina bhfuil aitheantóir na Roinne cláraithe faoi níos mó ná ainm amháin, i.e. Comhuimhir thréada.
- I gcás Comhpháirtíochtaí, ag na Comhpháirtithe go léir.
- I gcás cuideachtaí, le toiliú Stiúrthóirí na Cuideachta.

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais láimhe. Diúltóidh an Roinn d'iarratais a chuirtear isteach i bhfoirm chruachóipe, lena n-áirítear iarratais a chuirtear isteach de láimh, agus seolfar ar ais chuig an iarratasóir iad mar iarratais neamh-incháilithe.

Ní bheidh iarratasóirí in ann iarratais a leasú tar éis iad a chur isteach ar líne. Ar an ábhar sin, moltar d'iarratasóirí a chinntiú go mbeidh an t-iarratas comhlánaithe go hiomlán agus go cruinn sula gcuirtear isteach é. Tá an doiciméadacht tacaíochta faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 5.2.

5.2 An doiciméadacht is gá a chur isteach i dteannta an iarratais agus an éilimh

Ní foláir na doiciméid **inléite** seo a leanas a chur isteach mar thaca le d'iarratas nó d'éileamh, ag brath ar an gcineál infheistíochta a bhfuil iarratas á chur isteach air agus ar an gcineál iarratais:

- Cóipeanna de líníochtaí agus de phlean leagan amach an fhoirgnimh feirme de réir mhír (5.3);
- Plean leagan amach an chlóis feirme; Féach mír 5.3;
- Léarscáil de shuíomh an láithreáin ina leagtar amach suíomh na hinfheistíochta atá beartaithe.
- Cóipeanna de líníochtaí a bhfuarthas cead pleanála nó dearbhú díolúine, lena n-áirítear léarscáileanna, dóibh de réir mhír 5.3 (a);
- Bileog *Excel* ar a bhfuil Costálacha Umair (de réir mhír 5.3(d) de choinníollacha na Scéime);
- Ní mór Éirchód nó tagairt GPS do shuíomh an láithreáin a chur san áireamh i bpleananna agus i líníochtaí an iarratais;
- Doiciméid úinéireachta de réir scála nach mó ná 1:5,000 **nó** Léarscáil Iarratais BPS/BISS, chomh maith le huimhreacha LPIS ina sainaithnítear na dáileachtaí talún ina mbeidh an infheistíocht atá beartaithe suite;
- Cóip de Dheimhniú na cuideachta ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Meabhrán Comhlachais agus Airteagail Chomhlachais nó bunreacht aon doiciméid amháin;
- Deonú ceada pleanála iomláin agus deiridh, lena n-áirítear coinníollacha nó dearbhú díolúine lena n-áirítear léarscáileanna, i gcás inarb infheidhme;
- Cóip d'aon Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta iomchuí arna dhéanamh mar chuid den phróiseas pleanála, i gcás inarb infheidhme;
- I gcásanna áirithe, tuarascáil innealtóra (de réir mhír 5.3(e) de choinníollacha na Scéime*);
- Fianaise ar theideal léasach (cóip de léas bailí, lena n-áirítear léarscáileanna) maidir le gach láithreán.

*Féadfar an tuarascáil sin a iarraidh sula bhformheasfar iarratas faoin Scéim.

Ní mór na doiciméid seo a leanas a chur isteach mar thaca le d'éileamh ar íocaíocht: -

- Grianghraf geoichlibeáilte maidir le gach fo-infheistíocht a cuireadh i gcrích. Ní mór méid na fo-infheistíochta ábhartha a thaispeáint sa ghrianghraf;
- Fianaise gur críochnaíodh an Cód Cleachtais um Shábháilteacht Feirme taobh istigh de 5 bliana ó dháta an Iarratais;
- Deimhniú Pósta i gcás léas le céile;
- Admhálacha agus ráiteas bainc má iarrtar sin (8.1);
- Deimhniú Imréitigh Cánach Leictreonach (eTC) (10.2);
- Deimhniú Imréitigh Cánach na gConraitheoirí (eTC) (10.1);
- Deimhnithe cáilíochta (Leictreach, Lataí, Coincréit, Cosaint Oibre Cruach, deimhnithe CE, Deimhniú Táthúcháin, etc.);
- Bileog *Excel* ar a bhfuil Costálacha Umair, i gcás inarb ábhartha;
- I gcás ina ndearnadh leasuithe ar phleananna foirgnimh Formheasta, lena n-áirítear Cead Pleanála, ní mór líníochtaí/Cead Pleanála athbhreithnithe a chur isteach leis an Éileamh.

Maidir le hiarratais nach bhfuil an doiciméadacht tacaíochta **uile** is gá uaslódáilte lena n-aghaidh tráth a chuirtear Éileamh isteach, féadfar a mheas go bhfuil siad neamh-incháilithe agus diúltófar dóibh.
I gcás nach gcuirtear doiciméadacht tacaíochta iomlán isteach, cuirfear moill ar phróiseáil na híocaíochta, agus is mó seans, b'fhéidir, go ndéanfar Iniúchadh Réamh-Íocaíochta.
Iarrfar ar an iarratasóir, i ndiaidh seiceáil riaracháin, aon easnaimh san iarratas agus/nó sa doiciméadacht tacaíochta a uaslódáladh tráth an chur isteach a cheartú. Mura gceartaítear na heasnaimh laistigh de 10 lá oibre, **diúltófar** do na hiarratais sin. Ba cheart an t-eolas uile a iarrtar i ndiaidh na seiceála riaracháin sin a chur isteach ar líne trí agfood.ie chuig an Roinn.

5.3 Líníochtaí agus doiciméadacht tacaíochta a chur isteach i ndáil leis an iarratas

Maidir le struchtúr/foirgneamh/trealamh feistithe a bhfuil cúnamh deontais á lorg ina leith, éilítear ceann amháin nó an dá cheann díobh seo a leanas:

- Plean leagan amach an chlóis feirme – plean de na struchtúir uile atá ann cheana agus de na struchtúir atá beartaithe – de réir scála 1:500,
  Ní mór an méid seo a leanas a bheith i bplean an chlóis feirme:
  - *Ainm, seoladh agus éirchód an iarratasóra*
  - *Seoladh na hinfheistíochta seasta (má tá sé éagsúil lena bhfuil thuas)*
  - *Aitheantóir infheistíochta a léiríonn suíomh na hinfheistíochta seasta*
  - *Uimhir TAMS 3 nó Uimhir Thréada*
  - *Na struchtúir uile atá ann cheana agus atá beartaithe*
  - *Ní mór gach pointe suaite a thaispeáint* ***agus a mharcáil mar phointe Inmheánach nó Seachtrach***
  - *Saighead treo*
  - *Bóithre / lánaí*
  - *Aibhneacha/srutháin/draenacha (más ábhartha)*
  - *Ní mór gach gné/struchtúr atá ann cheana agus atá beartaithe a mharcáil go soiléir agus a lipéadú ar an bplean mar Eochair Eolais.*

- Plean leagan amach an fhoirgnimh feirme – plean den struchtúr/foirgneamh infheistíochta – de réir scála 1:100 nó 1:200

(a) I gcás ina bhfaightear cead pleanála iomlán agus deiridh nó deimhniú díolúine, déanfar an doiciméadacht tacaíochta seo a leanas a chur isteach leis an iarratas ar chúnamh deontais:

(i) Éilítear deonú ceada pleanála iomláin agus deiridh agus sraith iomlán de na líníochtaí sin (arna stampáil ag an Údarás Áitiúil) dá bhfuarthas cead pleanála nó dearbhú díolúine maidir leis an struchtúr dá bhfuil cúnamh deontais á lorg, plean leagan amach an chlóis feirme agus plean leagan amach an fhoirgnimh feirme. Beidh na pleananna/na líníochtaí de réir scála sonraithe, 1:100 nó 1:200.

(ii) Léireofar ar an bplean urláir toisí suntasacha uile an struchtúir: i.e. i gcás inarb iomchuí – leithead agus fad inmheánach iomlán an struchtúir; leithead agus fad inmheánach gach limistéir ainmhithe; leithead agus fad na bpasáistí; leithead agus fad na limistéar lataí; leithead agus fad aon chainéal atá ann; leithead agus fad na limistéar cubhachail; leithead, fad agus doimhneacht inmheánach aon umair; leithead gach balla den umar; fad na mballaí dromlaigh; an fad a shíneann umar thar dheireadh tí ainmhithe; fad aon fhálaithe sábháilteachta timpeall ar umar.

(iii) Cuirfear isteach líníocht shimplí den trasghearradh trí gach cró, agus í ar chomhscála leis an bplean. I gcás inarb iomchuí – tabharfar an airde ag an sceimheal agus ag an rinn; tabharfar toisí na ndoirse sleamhnáin uile; tá toisí eile ar an líníocht teascáin roghnach, ach ní mór na toisí ábhartha uile a thaispeáint ar na líníochtaí uile.

(iv) Ní mór imlíne na n-umar uile faoi thalamh a léiriú ar na líníochtaí a chuirtear isteach, mar aon le suíomh gach pointe suaite sheachtraigh a éilítear de réir Shonraíocht S.123.

(b) Maidir le hinfheistíochtaí nach gá cead pleanála deiridh ná dearbhú díolúine a chur isteach ina leith, déanfar an doiciméadacht tacaíochta seo a leanas a thaisceadh leis an iarratas ar chúnamh deontais:

(i) Plean leagan amach an fhoirgnimh feirme – Léireofar ar an bplean urláir toisí suntasacha uile an struchtúir ina mbeartaítear an infheistíocht a dhéanamh: i.e. leithead agus fad inmheánach iomlán an struchtúir; leithead, fad agus doimhneacht inmheánach aon umair; más umar é a tógadh le bloic nó más umar maischoincréite é, suíomh na bpointí suaite/bainte inmheánacha agus seachtracha uile, fad aon fhálaithe sábháilteachta atá timpeall ar umar. Beidh na líníochtaí de réir scála sonraithe, 1:100 nó 1:200.

I gcás ina mbaintear balla deiridh umair, ionas gur féidir pointe suaite seachtrach a chur isteach, ní mór líníocht a léiriú de réir scála sonraithe, 1:100 nó 1:200, ar a léirítear na toisí suntasacha uile – leithead, fad agus doimhneacht inmheánach; más umar maischoincréite é nó más umar é a tógadh le bloic, suíomh na bpointí suaite/bainte inmheánacha agus seachtracha uile. Léireofar suíomh beacht gach pointe suaite sheachtraigh nua.

(ii) Plean leagan amach an chlóis feirme ina léirítear an áit a bhfuil an infheistíocht atá beartaithe le bheith suite, de réir scála 1:500.

(c) Maidir le hInfheistíochtaí Seasta nach n-éilítear cead pleanála ná líníochtaí mionsonraithe lena n-aghaidh, tá gá le plean leagan amach an chlóis feirme, de réir scála 1:500, ina dtaispeántar suíomh na n-infheistíochtaí atá beartaithe (struchtúir agus trealamh feistithe).

(d) Bileog *Excel* don Umar Stórála – i gcás inar baineadh leas as bileog *Excel* don Umar Stórála chun toilleadh stórais agus costas umair a ríomh, ba cheart asphrionta den bhileog *Excel* nó cóip leictreonach den chomhad *Excel*, ina dtugtar eolas faoi na ríomhanna, a uaslódáil mar chuid den iarratas.

(e) Éilítear tuarascáil Innealtóra don mhéid seo a leanas:
Teach Éanlaithe Clóis a Uasghrádú - I gcás ina bhfuil insliú dín teach éanlaithe clóis atá ann cheana á uasghrádú, cuirfear isteach tuarascáil innealtóra cairte ina ndeimhneofar go bhfuil dea-bhail ar na rachtaí agus na taobháin agus go bhfuil siad in ann tacú leis an ualach breise a bheidh á chur orthu ar feadh tréimhse 8 mbliana.

Nóta 1: Ní mór na toisí uile a léirítear ar na líníochtaí a bheith inmheánach agus i méadair.

Nóta 2: Ní mór toisí leordhóthanacha a bheith sna líníochtaí ionas gur féidir na toisí uile san fhoirm iarratais a fhíorú ó na líníochtaí.

Nóta 3: Ní íocfar aon chúnamh deontais ar aon infheistíocht ag a bhfuil an t-aerspás céanna le struchtúr ina bhfuil pointe suaite/bainte inmheánach. Ní mór gach pointe suaite/bainte inmheánach a bhaint sula n-éileofar íocaíocht.

Ag Tógáil os cionn Umar atá ann Cheana – I gcás ina mbeartaítear cró nua a thógáil os cionn umar sciodair/eisiltigh coincréite atá ann cheana, ba cheart d'innealtóir cairte tuarascáil a chur isteach ina ndeimhnítear go bhfuil an t-umar slán ó thaobh struchtúir de, gur féidir an fostruchtúr a iompar leis, go bhfuil sé uiscedhíonach agus gur féidir úsáid leanúnach a bhaint as don chuspóir beartaithe ar feadh tréimhse 8 mbliana. Níl gá le tuarascáil le haghaidh umar ar bronnadh cúnamh deontais air faoi TAMS II nó faoin Scéim Feabhsúcháin Feirme (FIS) i ndiaidh 2009.
Ballaí dromlaigh a chur isteach – I gcás ina bhfuil balla dromlaigh le suiteáil in umar atá ann cheana féin, ní mór tuarascáil innealtóra dá dhearadh a chur san áireamh i gcónaí.

(f) Ní íocfar aon chúnamh deontais ar aon infheistíocht ag a bhfuil an t-aerspás céanna le struchtúr ina bhfuil pointe suaite/bainte inmheánach. Ní mór gach pointe suaite/bainte inmheánach a bhaint sula n-éileofar íocaíocht.
(g) Ní mór na toisí uile a léirítear ar na líníochtaí a bheith inmheánach agus i dtomhas méadrach (i.e. milliméadair).
(h) Níl aon líníochtaí ag teastáil le haghaidh iarratais a bhaineann le trealamh soghluaiste a cheannach, agus leis sin amháin.
(i) Ní mór toisí leordhóthanacha a bheith sna líníochtaí ionas gur féidir na toisí uile san fhoirm iarratais a fhíorú ó na líníochtaí.

5.4 Infheistíochtaí a bhaineann le Dramhaíl Feirme agus Stóráil Cothaitheach Feirme

Ní mór d'iarratasóirí a chuireann iarratas isteach ar infheistíochtaí a bhaineann le stóráil dramhaíola feirme agus cothaitheach feirme sonraí a thabhairt ina dtugtar le fios go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas maidir le stóráil dramhaíola feirme agus cothaitheach feirme a leagtar síos sna hionstraimí reachtúla seo a leanas: Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2022 (I.R. Uimh. 113 de 2022) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) (Leasú) (I.R. Uimh. 393 de 2022), agus aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na rialacháin sin. Maidir le hiarratasóirí a mheastar a bheith neamhchomhlíontach, ní bheidh siad i dteideal cúnamh deontais le haghaidh infheistíocht a bhaineann le Stóráil Cothaitheach Feirme agus déanfar iad a thras-tuairisciú do Rannóg Tras-Chomhlíonta na Roinne, agus is féidir go dtiocfaidh pionóis nó smachtbhannaí as sin.

6. Nuair a fhaigheann an Roinn na hiarratais

6.1 Measúnú ar iarratais scéime

Déanfar iarratais ar chúnamh a mheas i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

- Aois an iarratasóra (tabharfar tús áite d'fheirmeoirí níos óige);
- Méid an ghabháltais/an fhiontair;
- Aon chuid de ghabháltas atá i Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha;
- Íocaíocht faoi na scéimeanna seo a leanas de chuid TAMS II: an Scéim Trealaimh Déiríochta; an Scéim Infheistíochta Caipitil Curaíochta; Scéim Infheistíochta Caipitil na bhFeirmeoirí Óga; an Scéim Infheistíochta Caipitil Orgánach; an Scéim Infheistíochta um Muca agus Éanlaith Chlóis; an Scéim um Leas Ainmhithe, Sábháilteacht agus Stóráil Cothaitheach.
- Táirgeadh Níotráití roimh Easpórtáil.

Tá cóipeanna den bhileog mharcála is déanaí arna húsáid ag an Roinn chun na críche seo ar fáil arna iarraidh sin do Rannóg na Scéimeanna Infheistíochta ar an bhFeirm, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman agus tá siad le fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: gov.ie - TAMS (3) (www.gov.ie)

Comhaontaíonn na hiarratasóirí go bhféadfaidh an Roinn sonraí faoina n-iarratas atá á gcoinneáil go seachtrach a iarraidh nó go bhféadfaidh sí iad a rochtain, is sonraí a éilítear chun a n-iarratas faoin Scéim seo a mheasúnú/a fhíorú.
Déanfar iarratais a gheofar le linn tréimhsí a chinnfidh an tAire a mheas i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos thuas. I gcás nach bhfaigheann iarratas bailí formheas le linn an chéad mheasúnaithe nó tráinse a dhéanann an tAire tar éis an t-iarratas bailí a fháil, tabharfar an t-iarratas ar aghaidh chuig measúnú nó tráinse amháin ina dhiaidh sin, mura dtarraingíonn an t-iarratasóir siar é. Mura mbíonn rath ar an iarratas sa tráinse ina dhiaidh sin, diúltófar dó go huathoibríoch agus athshocrófar chuig dréacht-iarratas é.

6.2 Coinníollacha a bhaineann le formheas

Féadfar formheas cúnaimh a tharraingt siar mura gcomhlíonann an t-iarratasóir Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime i gcás ina dtagann aon athrú ábhartha ar imthosca an iarratasóra nó gnó na feirme nó ar aon slí eile, a thiocfadh salach ar Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime. I gcás den sórt sin:

(i) Aisíocfar nó coimeádfar siar an cúnamh go léir nó an chuid sin den chúnamh a tugadh nó a thabharfar; agus

(ii) Ní bheidh aon chúnamh deontais iníoctha i leith aon oibreacha a críochnaíodh go dtí seo;

Mura mbeidh an obair curtha i gcrích laistigh den amscála a formheasadh, rachaidh an formheas in éag go huathoibríoch. Féadfaidh Iarratasóir a iarraidh go dtarraingeofaí siar mír ar leith, nó gach mír infheistíochta a formheasadh.

Más rud é, tar éis formheas a eisiúint faoin scéim, go dtagann athrú ar rialú an ghabháltais (i.e., athrú ó dhuine nádúrtha go duine dlítheanach, ó dhuine dlítheanach go duine nádúrtha, nó ó dhuine nádúrtha go duine nádúrtha), ní mór formheas don athrú sin a iarraidh i scríbhinn ón Roinn. Ní íocfar cúnamh deontais leis an úinéir nua go dtí go mbeidh an t-athrú úinéireachta formheasta.

Ní ghlacfar le hiarratas, nó féadfar formheas a tharraingt siar más rud é, i dtuairim an Aire nó a oifigeach, go mbunaítear go ndearna iarratasóir na coinníollacha a chruthú go saorga, ar coinníollacha iad a éilítear chun cúnamh deontais a fháil d'fhonn buntáiste a fháil, rud a thagann salach ar chuspóirí na Scéime (féach mír 3.4 le haghaidh tuilleadh sonraí).
Níl aon chaiteachas a caitheadh ná aon obair infheistíochta a tosaíodh/a tugadh i gcrích roimh an dáta a cuireadh iarratas isteach incháilithe. **Meastar gur caiteachas incháilithe iad éarlaisí/caiteachas a íocadh an dáta a chuirtear iarratas isteach nó dá éis.** Ní féidir tús a chur le suiteáil nó tógáil infheistíochta nach bhfuil soghluaiste go dtí go mbeidh formheas i scríbhinn eisithe don iarratasóir/do na hiarratasóirí. Má chuirtear tús le tógáil nó suiteáil oibre infheistíochta roimh fhormheas a fháil ní bheidh sí incháilithe. Maidir le haon fho-infheistíocht a suiteáladh nó i gcás inar tosaíodh obair roimh fhormheas a fháil, diúltófar di ón iarratas. Ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas nach bhfuil aon chinnteacht ann go bhformheasfar iarratas incháilithe, fiú i gcás gur íocadh éarlais nó caiteachas. **Ar an ábhar sin, is ar a phriacal/a priacal/a bpriacal féin a dhéanann an t-iarratasóir/na hiarratasóirí éarlaisí/caiteachas a íoc roimh fhormheas a fháil.** I gcásanna ina ndéanann iarratasóir iarratas, ina gcuireann sé nó sí éarlais ar infheistíocht, ach ina ndéanann sé/sí iarratas eile faoin scéim mar nach n-éiríonn leis nó léi a bheith rangaithe agus roghnaithe, ceadófar an éarlais a íocadh mura bhfuil aon athrú suntasach ar shonraí infheistíochta idir iarratais.

Ní mór infheistíocht a chur i gcrích de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna nithe seo a leanas:

Costas tagartha [1]
Nótaí Míniúcháin maidir le Costálacha[1]
Sonraíochtaí struchtúracha ábhartha na Roinne mar atá mionsonraithe sa litir formheasa. [2]

[1] gov.ie - TAMS (3) (www.gov.ie)[2] gov.ie - TAMS - Sonraíochtaí maidir le Foirgnimh agus Struchtúir Feirme (www.gov.ie)

.

6.3 Leasú ar chostas tagartha

Tá costais tagartha faoi réir athbhreithniú ó am go ham. Má dhéantar leasú nó athrú ar chostais tagartha, ní bhaineann an t-athrú ach le hiarratais a chuirtear isteach tar éis an dáta a thugtar an t-athrú ar an gcostas tagartha isteach. Ní bhaineann an t-athrú ar chostas tagartha go cúlghabhálach le hiarratais a cuireadh isteach.

7. Tosú na hOibre

Ní gá ach d'iarratasóirí atá formheasta le haghaidh infheistíochtaí áirithe mar a leagtar amach i gColún 2 d'Iarscríbhinn B an Roinn a chur ar an eolas 5 lá oibre ar a laghad roimh shocrú deiridh an athneartaithe cruach agus sula ndoirtfear an choincréit, tríd an bhfógra a éilítear a chur isteach ar an gcóras ar líne. Ní éilítear an ghníomhaíocht sin do threalamh soghluaiste ná d'fhormhór na n-oibreacha infheistíochta.

7.1 Sláinte agus Sábháilteacht

D'fhéadfadh contúirtí tógála áirithe a bheith ann le linn oibreacha infheistíochta faoin Scéim seo a thabhairt i gcrích. Ní bheidh an tAire ná aon oifigeach de chuid na Roinne faoi dhliteanas ar aon slí i leith aon damáiste, caillteanas nó díobháil do dhaoine, d'ainmhithe, nó do réadmhaoin i gcás aon tarlú a bhaineann leis an bhforbairt agus déanfaidh an t-iarratasóir an tAire nó aon oifigeach de chuid na Roinne a shlánú go hiomlán i ndáil le haon damáiste, caillteanas nó díobháil den sórt sin cibé slí a tharlóidh sé nó sí i rith na n-oibreacha forbartha.

Más conraitheoir atá i gceann na hoibre, ba cheart don fheirmeoir a chinntiú go dtuigeann aon chonraitheoir nó fochonraitheoir na rioscaí a bhaineann leis an bhforbairt agus go bhfuil sé nó sí sásta cosaint ina gcoinne agus thairis sin go bhfuil cumhdach árachais dliteanais phoiblí agus fostóirí leordhóthanach i bhfeidhm ag an gconraitheoir nó ag an bhfochonraitheoir i gcás ina dtarlóidh aon díobháil, caillteanas, damáiste, nó míthapa eile. Ba cheart d'fheirmeoir slánaíocht oiriúnach i scríbhinn a fháil ó aon chonraitheoir nó fochonraitheoir i ndáil le haon damáiste nó díobháil nó caillteanas eile a d'fhéadfadh tarlú i rith na n-oibreacha forbartha agus, ina leith sin, comhairle árachais ghairmiúil a lorg ó bhróicéir árachais nó cuideachta árachais.

Moltar d'iarratasóirí gur gá dóibh dul i dtaithí ar fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, an Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2013 agus na rialacháin a dhéantar anseo thíos, agus Leasuithe ina dhiaidh sin. Áirítear treoir ghinearálta maidir leis an Acht sin, arna hullmhú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, in Iarscríbhinn F. Tá cóipeanna den fhoirm, AF 1, dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

7.2 Fóntacht na tógála nó leorgacht chun críche infheistíochtaí

Ní chiallaíonn formheas ná íoc cúnaimh faoin Scéim go nglacann an Roinn le haon fhreagracht a mhéid a bhaineann le fóntacht na tógála ná leorgacht chun críoch aon infheistíochta atá faoi réir an fhormheasa nó na híocaíochta sin. Ní hé atá i gceist le formheas ná íoc cúnaimh faoin Scéim ach oiread go bhfuil ráthaíocht á tabhairt ag an Roinn maidir le cáilíocht nó oiriúnacht aon táirge a úsáidtear san infheistíocht chun a chríoch.

7.3 Tionchar timpeallachta na n-oibreacha beartaithe

I gcás inar dóigh go ndéanfar aon truailliú d'fhoinsí uisce nó damáiste don timpeallacht ar aon slí trí oibreacha a dhéanamh, ní mór don iarratasóir na bearta réasúnta uile a dhéanamh ionas nach dtarlóidh an méid sin. Ní íocfar cabhair deontais i gcás ina ndéanann oibreacha beartaithe damáiste do struchtúr nó do limistéar a bhfuil tábhacht stairiúil nó seandálaíochta ag baint leis.

7.4 Forálacha dlíthiúla, toilithe

Déanfar na hoibreacha ar fad i gcomhréir le forálacha na reachtanna, na rialachán agus na bhfodhlíthe ábhartha uile agus
tá an dualgas ar an iarratasóir an toiliú agus na ceadanna, etc. uile a fháil, lena n-áirítear toiliú le teacht isteach maidir le talamh, réadmhaoin eile, nó ceart aon duine nó daoine eile, nó cur isteach ar an méid sin.

7.5 Earraí agus Ábhar ó thíortha neamh-AE

Tá foinsiú agus ceannach earraí infheistíochta nó ábhar ó thír neamh-AE incháilithe faoin scéim. Ní mór don iarratasóir a chinntiú go mbeidh aon earra nó ábhar a allmhairítear ó thír neamh-AE i gcomhréir iomlán le rialacha Custam agus Ioncaim. Ní mór d'iarratasóirí cóip de dhoiciméid iompórtála ábhartha, cruthúnas ar dhleachtanna agus cánacha a íocadh a choinneáil lena scrúdú má iarrtar sin.

8. An Obair a Chur i gCrích agus Éilimh ar Íocaíocht

Ní féidir an t-éileamh ar íocaíocht a dhéanamh ach ar líne. **Ní cheadaítear páirtíocaíochtaí faoin scéim.** Ní cheadaítear ach aon éileamh amháin ar íocaíocht in aghaidh an fhormheasa. Níor cheart ach míreanna críochnaithe a mharcáil mar 'Críochnaithe' ag céim an Éilimh. Déantar aon mhíreanna infheistíochta nach n-éilítear a tharraingt siar go huathoibríoch. Ní mór na hoibreacha uile a chur i gcrích, agus na héilimh uile a chur isteach laistigh de 12 mhí ó dháta eisithe an fhormheasa/an tsínidh nó faoi dháta a shonraítear sa litir formheasa, cibé acu is túisce (Féach Iarscríbhinn C le haghaidh tuilleadh sonraí).

I gcásanna inar cuireadh tús le hobair agus/nó inar íocadh éarlaisí ach ina bhfuil gá le ham breise chun obair infheistíochta a chur i gcrích nó chun doiciméadacht tacaíochta a thabhairt chun críche, is féidir iarratas a dhéanamh ar shíneadh. Mairfidh an síneadh sé mhí ar a mhéad dar tús an dáta críochnaithe bunaidh. Ní dheonófar an síneadh ach le haghaidh infheistíochtaí ina mbeidh an obair tosaithe, nó éarlais íoctha le haghaidh infheistíochtaí soghluaiste áirithe. Ní mór an t-iarratas ar shíneadh a thaisceadh i dteannta fianaise dhoiciméadach sa chóras ar líne idir tús na n-ocht mí agus roimh dheireadh an 11ú mí tar éis dháta bunaidh an fhormheasa. I gcás ina lorgaítear iarratais ar shíneadh lasmuigh de na critéir thuas, féadfar iarratais a chur isteach le ríomhphost chuig an seoladh ar an Litir Formheasa sula dtéann an Formheas in éag. Ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil tús curtha le hobair infheistíochta tríd an bhfianaise tacaíochta seo a leanas a uaslódáil:

- grianghraif den obair idir lámha, agus
- duillíní seachadta agus/nó íocaíocht éarlaisí atá tar éis dháta an fhormheasa.

Seo a leanas an t-íosmhéid is gá le go measfar go bhfuil tús curtha leis an obair:

- tá stáinsí curtha suas;
- umair/struchtúir mhaischoincréite – cruach threisithe curtha suas;
- trealamh feistithe/trealamh soghluaiste — cóip den éarlais nó den duillín seachadta.

Ní mór an doiciméadacht tacaíochta uile a chur isteach leis an éileamh ar íocaíocht. Mura gcuirtear an doiciméadacht tacaíochta uile isteach taobh istigh den achar ama is gá, d'fhéadfadh sé nach n-íocfaí infheistíocht nó an t-éileamh iomlán ar íocaíocht. Tá diantoirmeasc ar uaslódáil doiciméad bán nó neamh-incháilithe chun dul timpeall ar bhailíochtuithe ríomhaire ar líne agus is féidir gurb é a thiocfaidh as

sin cur i bhfeidhm pionóis mar gheall ar chur isteach déanach nó diúltú don éileamh ar íocaíocht.

Beidh éilimh ar íocaíocht a thaisctear tar éis an dáta críochnaithe/sínidh faoi réir laghdú 1% ar an gcúnamh le haghaidh gach seachtaine, nó cuid di, a fhaightear déanach í suas le huastréimhse 14 seachtaine. Maidir le héilimh a gheofar tar éis an 14^{ú} seachtain, diúltófar don éileamh ar íocaíocht agus ní dhéanfar aon íocaíocht. Tabhair faoi deara, mar chuid de ríomh na híocaíochta cúnaimh deontais, laghdaítear uasteorainn infheistíochta an iarratasóra/na n-iarratasóirí sula gcuirtear pionós nó laghdú i bhfeidhm, Féach Iarscríbhinn C.

Ní íocfar cúnamh deontais i leith trealamh nua ná infheistíochtaí mura mbeidh úinéireacht iomlán air sin aistrithe chuig an iarratasóir sula dtaisctear an t-éileamh ar íocaíocht agus mura mbeidh an méid sin ar fáil le haghaidh iniúchadh ar ghabháltas na n-iarratasóirí. Is é an sainmhíniú a thugtar ar úinéireacht iomlán nuair is amhlaidh a d'íoc an t-iarratasóir féin as an infheistíocht go hiomlán óna chuntas nó óna cuntas bainc agus gur ghlac sé nó sí seilbh agus smacht ar an infheistíocht. Ní mór an cuntas bainc a bheith in ainm an iarratasóra, ar iarratasóir aonair é nó í nó a chéile nó a céile (**más rud é nach bhfuil** an céile ag feirmeoireacht ina cheart nó ina ceart féin), comhpháirtíochta, comhpháirtí sa chomhpháirtíocht nó cuideachta. Ní cheadaítear íocaíochtaí ó chomhchuntas bainc ach i gcás ina bhfuil an cuntas bainc in ainm an dá pháirtí i gcomhuimhir thréada, comhpháirtíocht nó idir an t-iarratasóir agus duine aonair nach bhfuil ag feirmeoireacht.
Ní foláir do Chomhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe íocaíochtaí a dhéanamh óna gcuntas bainc atá cláraithe leis an Roinn.
Íocaíochtaí ó chuntas nach cuntas an iarratasóra é nó ó chomhchuntas idir an t-iarratasóir agus feirmeoir eile, níl siad incháilithe agus eisiafar an íocaíocht ábhartha ón éileamh agus d'fhéadfaí pionós ró-éilimh a thabhú ina leith sin.
Ní cheadaítear maoiniú tríú páirtí a dhéanamh ar infheistíocht trí léas nó fruilcheannach.

Ní mór d'iarratasóir cainníocht/toise na hinfheistíochta nó na n-infheistíochtaí a cuireadh i gcrích a léiriú ar an éileamh ar íocaíocht. Beidh an íocaíocht bunaithe ar an gceann is lú den chainníocht/den toise a éilítear in aghaidh na míre infheistíochta, a chinntear ag an iniúchadh, nó atá mionsonraithe ar admhálacha/sonraisc. Tabhair faoi deara freisin forálacha 3.3, 4.1, 8.1, 8.2, 10.1 agus 10.2. Tomhaisfear na cainníochtaí / na toisí mar a leagtar amach sna Nótaí Míniúcháin ar Chostálacha (gov.ie - TAMS (3) (www.gov.ie)

Níor cheart don iarratasóir éileamh a dhéanamh ach i leith thoisí/chainníochtaí an struchtúir/na n-infheistíochtaí a cuireadh i gcrích ar an éileamh ar íocaíocht, beag beann ar na toisí a formheasadh.

Ní mór sraithuimhir a thaispeáint go soiléir agus a ghreamú go buan d'infheistíocht áirithe mar atá mionsonraithe in Iarscríbhinn B.

I gcomhréir le rialacháin AE, maidir le gach íocaíocht de scéim AE ní féidir iad a dhéanamh ach le banc nó cumann foirgníochta nó cuntais comhair creidmheasa a choinnítear leis an Stát. Tá cóip den fhoirm ábhartha ar fáil ón Rannán Creidmheasa Dhírigh, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Sráid Fhearnáin, an Cabhán nó ar shuíomh gréasáin na Roinne. gov.ie - Foirmeacha Sainordaithe Bainc DIR-CR (www.gov.ie)

8.1 Admhálacha i leith obair arna déanamh ag daoine seachas an t-iarratasóir

- Tá na costais uile a éilítear gan beann ar CBL agus ní mór iad a éileamh in € Euro.
- Caithfidh míreanna a bhaineann leis na hoibreacha dá bhfuarthas formheas a bheith san áireamh sna hadmhálacha/sonraisc a chuirtear isteach. Tá íocaíochtaí in airgead tirim neamh-incháilithe. Mura n-ainmnítear an t-iarratasóir ar admháil, ní mór nasc leictreonach díreach a bheith ann idir an íocaíocht agus cuntas cárta bainc nó creidmheasa na n-iarratasóirí atá cothrom leis an méid a bhfuil

admháil ag dul leis.

- Tá éarlais nó íocaíochtaí a rinneadh roimh dháta an iarratais neamh-incháilithe agus diúltófar di nó dóibh.
- Tá íocaíochtaí a dhéantar (lena n-áirítear seiceanna iaríocaíochta) tar éis éileamh ar íocaíocht a chur isteach neamh-incháilithe agus diúltófar dóibh.
- Tá Trádáil Isteach incheadaithe mar chostas incháilithe a éilíodh agus ní mór luach, tuairisc iomlán, déanamh, samhail, toisí, nó cainníochtaí na míre trádála isteach a bheith mionsonraithe ar an admháil, leis an tsraithuimhir más infheidhme. Ní mór trádálacha isteach a bheith ar bhonn macasamhail le macasamhail.
- Ní mór admhálacha le haghaidh oibreacha agus ceannacháin formheasta a uaslódáil mar chuid den Éileamh ar Íocaíocht. Ba cheart na hadmhálacha uile a bheith i bhfoirm bhunaidh, ba cheart iad a bheith ar pháipéar ceannteidil agus ba cheart, ar a laghad, ainm, seoladh agus uimhir CBL/Uimhir Tagartha Cánach TRN an tsoláthraí/an chonraitheora/an iarratasóra a bheith mionsonraithe orthu más allmhaire atá i gceist (má tá sí cláraithe). Ina theannta sin, ní mór an méid a leanas a bheith léirithe ar an admháil –
  (a) Ainm agus seoladh an iarratasóra,
  (b) Uimhir agus dáta an tsonraisc, más infheidhme;
  (c) Sonraí na gceannachán i bhfoirm mhiondealaithe agus tagairt á déanamh go sonrach don tsraithuimhir, i gcás inarb infheidhme,
  (d) Fíorchostas gach míre, gan CBL san áireamh,
  (e) CBL iomlán a íocadh,
  (f) Méid na lascaine, más ann.
  (g) I gcás admhálacha ar a bhfuil earraí agus seirbhísí araon (soláthar agus feistiú), ní mór miondealú a bheith iontu idir na catagóirí.
  (h) An toise/an chainníocht iomlán do gach infheistíocht a éilítear
- De rogha air sin, sonrasc bunaidh atá (i) marcáilte íoctha, agus (ii) ina bhfuil na sonraí a leagtar amach ag (a)-(h) thuas, tá sé inghlactha freisin.
- Ní mór gach éileamh a chur isteach in € Euro. I gcás nach bhfuil an sonrasc/an admháil ainmnithe in Euro, ní mór fianaise ar an ráta malairte a úsáidtear chun críoch íocaíochta a sholáthar freisin.
- Ní mór na hadmhálacha/na sonraisc a chuirtear isteach a bheith in ainm an iarratasóra, nó i gcás comhpháirtíochtaí a) ainm na comhpháirtíochta nó b) duine aonair amháin ar a laghad sa chomhpháirtíocht. Admhálacha/sonraisc a chuirtear isteach, i gcás inar cuideachta an t-iarratasóir, ní mór iad a chur isteach in ainm na cuideachta sin.
- I gcás ina n-éilítear admhálacha i leith infheistíochtaí incháilithe, ní mór sraithuimhir/sraithuimhreacha an trealaimh lena mbaineann a bheith le feiceáil ar na hadmhálacha sin. (féach Iarscríbhinn B)

Forchoimeádann an Roinn an ceart chun fianaise mhalartach a iarraidh maidir le haon sonrasc/admháil a cuireadh isteach le héileamh ar íocaíocht, agus sin go díreach ón iarratasóir nó ó thríú páirtí. Má iarrtar é, ní mór d'iarratasóir cruthúnais ar íocaíocht a chur isteach atá inghlactha ag an Roinn. Is éard a bheidh i gceist leis na cruthúnais sin ráitis bhainc de chuntas bainc an iarratasóra ina léirítear iontrálacha ábhartha agus/nó cóipeanna den dá thaobh de sheiceanna atá tiontaithe ina n-airgead. De rogha air sin, is é a bheidh inghlactha ráitis bhainc ar líne ina bhfuil ainm agus seoladh an iarratasóra (asphriontaí daite ardcháilíochta amháin ina bhfuil lógó bainc) lena ngabhann cóipeanna de sheiceanna atá tiontaithe ina n-airgead, nó má dhéantar an íocaíocht trí aistriú creidmheasa díreach, agus ní mór cóipeanna den ráiteas bainc bunaidh nó den ráiteas bainc ar líne ina liostaítear íocaíochtaí leis an soláthraí a chur isteach. Ní mór méideanna a liostaítear ar ráitis bhainc a bheith nasctha go soiléir leis an mír ábhartha ar a n-éilítear cúnamh deontais.

8.2 Saothar nó innealra dílis arna sholáthar ag an iarratasóir nó ag duine muinteartha leis nó léi

Maidir le cuid de na hinfheistíochtaí mar a shainaithnítear in Iarscríbhinn B ina ndéanann an t-iarratasóir nó duine muinteartha leis nó léi cuid de na hoibreacha nó iad uile, nó ina ndéanann stiúrthóir(í) na cuideachta iad i gcás iarratas ó chuideachta, ní mór na huaireanta a bhíothas i mbun oibre agus an dáta/na dátaí ar a rabhthas i mbun oibre a leagan amach san éileamh ar íocaíocht. I gcás ina n-úsáidtear innealra dílis, ní mór na huaireanta a bhíothas i mbun oibre agus an dáta/na dátaí ar a rabhthas i mbun oibre a léiriú ar an mbealach céanna ar an éileamh ar íocaíocht i dteannta an ráta a mhuirearaítear in aghaidh na huaire. Sna cásanna uile, ní mór an obair a dhéanamh i gcomhréir iomlán le sonraíochtaí teicniúla na Roinne chun bheith incháilithe le haghaidh cúnamh deontais. Ní dhéanfaidh an Roinn íocaíocht ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil na huaireanta a éilítear agus na rátaí a mhuirearaítear iomchuí agus laistigh de threoirlínte na Roinne. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le treoirlínte, féach gov.ie - TAMS 3 (www.gov.ie)

8.3 Lamháltais uasta i dtoisí na struchtúr a cuireadh i gcrích

Meastar go dtógfar foirgnimh agus struchtúir de réir na dtoisí a thugtar sa litir formheasa agus go suífear iad mar a léirítear ar na pleananna a chuirtear i láthair leis an iarratas. Mar sin féin, ceadaítear na hathruithe seo a leanas gan gá a bheith le líníochtaí athbhreithnithe a chur isteach, faoi réir comhlíontacht leis an tSonraíocht Íosta nó leis na Sonraíochtaí Íosta ábhartha a eisítear dáta an fhormheasa ón Roinn agus chur isteach fhormheas scríofa na dtoisí athraithe ón Údarás Áitiúil Pleanála:

(a) más rud é ar chúiseanna sábháilteachta, nó mar gheall ar dheacrachtaí tógála, gur gá struchtúr an fhoirgnimh a athshuí, is féidir sin a dhéanamh gan tuilleadh comhairliúcháin má dhéantar an struchtúr críochnaithe a sheach-chur in aon treo nach mó ná aon mhéadar amháin.
(b) is féidir toisí deiridh (fad nó leithead) gach struchtúir a laghdú (faoi réir phointe (e) thíos).
(c) is féidir toisí deiridh (fad nó leithead) gach struchtúir (seachas umar sciodair/eisiltigh faoi thalamh) a mhéadú de nach mó ná 1000mm de na toisí a thugtar san iarratas.
(d) Is féidir airde sceimhle foirgnimh a mhéadú nó a laghdú de nach mó ná 300mm, faoi réir na gceanglas íosta maidir le hairde sceimhle a leagtar amach sa tsonraíocht ábhartha a bhaint amach.
(e) is féidir toilleadh umair sciodair/eisiltigh faoi thalamh a mhéadú de thoilleadh suas le 50% den toilleadh a thugtar san fhormheas. (Mar shampla, ceadaítear toisí a mhéadú chun foráil a dhéanamh maidir le suiteáil pointe rochtana sheachtraigh nó chun freastal ar fhad sonrach lata). Más gá toise umair a laghdú mar gheall ar shaincheisteanna tógála, méadófar na toisí eile chun an toirt stórála inúsáidte bhunaidh a choinneáil. Mar shampla, má laghdaítear doimhneacht an umair toisc go dtagtar i dteagmháil le carraig, méadófar fad agus/nó leithead an umair chun an toilleadh stórála inúsáidte bunaidh a choinneáil (an toilleadh tar éis saorbhord a bhaint). Ní cheadaítear an coigeartú ar na toisí umair chun bheith ina chúis le laghdú ar an toilleadh stórála inúsáidte, seachas i gcás ina laghdaítear fad an umair de nach mó ná 300mm. I gcás ina ndéantar athruithe ar thoisí umair formheasta ní mór scarbhileog costálacha umair athbhreithnithe a chur isteach leis an éileamh.
(f) an t-athshocrú inmheánach ar fhoirgneamh mar shampla, limistéar ainmhithe, limistéar beathaithe inmheánach.
(g) an t-athshocrú inmheánach ar umair sciodair, fad is atá siad i gcomhréir le e) thuas.

Más gá athruithe a dhéanamh atá níos mó ná iad sin atá ceadaithe faoi na lamháltais a liostaítear thuas ba cheart d'iarratasóirí na líníochtaí athbhreithnithe agus formheas i scríbhinn ón Údarás Áitiúil Pleanála maidir leis na hathruithe ábhartha a chur isteach lena n-éileamh ar íocaíocht. Má sáraíodh lamháltas agus murar cuireadh isteach formheas i scríbhinn ón Údarás Áitiúil Pleanála ná líníochtaí athbhreithnithe le héileamh ar íocaíocht, cuirfear pionós 5% i bhfeidhm maidir leis an struchtúr ábhartha. I ngach cás, ní mór don Údarás Áitiúil Pleanála athruithe a fhormheas sula bhformheasfar íocaíocht.

Seachas sin, cuirfear pionós 5% i bhfeidhm má sháraítear an lamháltas thuas i gcomhréir le hAlt 12 Pionóis agus Laghduithe. Cuirfear an lamháltas i bhfeidhm maidir leis na toisí formheasta nó na toisí athbhreithnithe formheasta.
Nóta: Ní dhéanfar le haon ní sa mhír seo:

(i) an t-iarratasóir/an comhairleoir talmhaíochta/an sainchomhairleoir talmhaíochta/an t-innealtóir talmhaíochta a shaoradh ón bhfreagracht cead pleanála athbhreithnithe a fháil i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha; nó
(ii) cead a thabhairt an leibhéal uasta infheistíochta atá incháilithe do chúnamh deontais a leagtar amach sa litir formheasa chun na struchtúir agus na foirgnimh lena mbaineann a shárú.

I ngach cás bunófar an cúnamh deontais uasta is iníoctha ar an gceann is ísle de thoise formheasta/críochnaithe/faighte na hinfheistíochta/na n-infheistíochtaí. Cuirfear pionós i bhfeidhm má éilíonn iarratasóir go bhfuil an toise nó an toilleadh infheistíochta nó infheistíochtaí níos mó ná an toise nó an toilleadh a fuarthas le linn iniúchadh, faoi réir lamháltas 3%. Má tá an ró-éileamh maidir le toise nó toilleadh níos mó ná 25%, cuirfear pionós 100% i bhfeidhm maidir leis an infheistíocht ábhartha.

I gcás cuid den trealamh a liostaítear in Iarscríbhinn B thíos, ní mór sraithuimhir/sraithuimhreacha buana, doscriosta agus uathúla a bheith air chun bheith incháilithe le haghaidh cúnamh deontais faoin Scéim. Ní bheidh úsáid marcóirí buana, etc. inghlactha chun na críche sin. Ní mór gach comhpháirt aonair a shainaithint ar an mbealach céanna. Ní mór gach sraithuimhir ábhartha a thaispeáint ar an sonrasc/ar an admháil a chuirtear faoi bhráid na Roinne.

Ní mór, i gcás ina sonraítear sin, deimhnithe cáilíochta ábhartha a bheith ag gabháil le hábhair a úsáidtear i dtógáil na hinfheistíochta. Ní mór gach deimhniú cáilíochta, deimhniú imréitigh cánach agus doiciméadacht ábhartha eile a thaisceadh leis an éileamh ar íocaíocht. Féadfar diúltú d'éileamh ar íocaíocht nó é a laghdú mura dtaisctear an doiciméadacht riachtanach laistigh den chreat ama sonraithe.

Ceadaítear iarraidh chun mír ar leith nó gach mír infheistíochta formheasta a tharraingt siar roimh nó mar chuid d'éileamh ar íocaíocht.

8.4 Coinníollacha scéime maidir le hInfheistíochtaí

Tógfar gach struchtúr faoin Scéim i gcomhréir iomlán leis an tSonraíocht/na Sonraíochtaí Íosta ábhartha arna heisiúint nó arna n-eisiúint dáta an fhormheasa ag an Roinn agus, go háirithe, ní mór na Treoracha ón gComhairle a chomhlíonadh leis, go háirithe forálacha mhíreanna 1(b), 2, 4, 5 6, 8 agus 9 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/120/CE ón gComhairle

(i) Ceanglas maidir le saoráidí stórála le haghaidh eisfhearadh ainmhithe, fuíolluisce agus aoileach clóis feirme eile

Ní mór d'iarratasóirí gach tráth na ceanglais maidir le stóráil dramhaíola, go háirithe, a chomhlíonadh a leagtar síos in Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 113/2022, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí), 2014 agus I.R. Uimh. 393 de 2022 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí) (Leasú) agus aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na rialacháin sin. Mar sin féin, i gcás inar shonraigh an t-údarás áitiúil ábhartha tréimhse stórála gheimhridh níos airde ná mar a shonraítear in I.R Uimh. 113 de 2022 nó I.R Uimh. 393 de 2022, ní mór an méid sin a chomhlíonadh.

(i) Deimhniú ábhar a úsáideadh i dtógáil forbairtí

Ní mór deimhnithe ábhartha i gcás ina sonraítear amhlaidh, a bheith ag gabháil le hábhair a úsáidtear i dtógáil forbairtí, e.g., deimhniú cáilíochta coincréite, deimhniú lata, deimhniú maidir le bratú cosantach ar chruach thógála etc. mar a shonraítear sna sonraíochtaí ábhartha mar atá leagtha amach sa litir formheasa.

Leis an obair leictreach uile ní mór na Rialacha Náisiúnta maidir le Suiteáil Leictreach a chomhlíonadh, agus éileofar Deimhniú E.T.C.I. agus Deimhniú Talmhaíochta Forlíontach.

Ní mór stampa inaitheanta atá formheasa ag an Roinn (Sonraíocht S. 102) a bheith ar gach leathán d'ábhar cumhdaigh a úsáidtear.

Ní mór marcáil CE a bheith ar na hábhair thógála uile atá cumhdaithe le Caighdeán Comhchuibhithe faoi na rialacháin maidir le táirgí Tógála agus Dearbhú Feidhmíochta agus deimhniú CE mar a shonraítear sa tsonraíocht Roinne ábhartha ag gabháil leo. **Ní mór Deimhniú CE a bheith ag na frámaí cruach uile le haghaidh foirgneamh agus Dearbhú Feidhmíochta ag gabháil leo.** I gcás ina ndéanann an t-iarratasóir na frámaí cruach do na foirgnimh a dhéanamh, ní mór an Deimhniú CE chun an t-ábhar a cheannach agus an deimhniú táthúcháin don iarratasóir a sholáthar.

(ii) Infheistíocht uasta dá dtugtar cúnamh le haghaidh coincréit choimhdeach

Coincréit atá coibhéiseach le naprún 8m ar leithead feadh thaobh oibre an struchtúir nua. Cinntear gurb é atá sa taobh oibre an taobh fada le haghaidh tithe aontaobhacha nó an bhinn tí le haghaidh tithe déthaobhacha.

(iii) Athchóiriú struchtúr atá ann cheana

Níl athchóiriú struchtúr atá ann cheana incháilithe do chúnamh deontais, seachas mar a leagtar amach i bpointe (iv) thuas.

8.5 Úsáid infheistíochtaí

Éileofar ar an iarratasóir nó ar an gcomharba (féach roinn 1.10 Athrú Céannachta) an infheistíocht nó na hinfheistíochtaí a úsáid chun na críche atá beartaithe ar feadh 5 bliana ar a laghad ó dháta eisiúna na híocaíochta deiridh i leith na hinfheistíochta nó na n-infheistíochtaí dar tugadh deontais i gcúnamh. Mura ndéantar amhlaidh, déanfar aisghabháil ar 100% de chúnamh deontais na hinfheistíochta ábhartha.

I gcás trealamh athsholáthair ní mór an t-earra ionaid a bheith den toilleadh nó den toise céanna leis an trealamh a athsholáthraíodh. Féadfar cruthúnas ar cheannach an trealaimh athsholáthair a iarraidh.

9. Cúrsa Oiliúna maidir le Sábháilteacht Feirme

Beidh sé éigeantach go mbeidh gach iarratasóir tar éis an Cód Cleachtais um Shábháilteacht Feirme leathlae (curtha ar fáil ag Teagasc nó ag daoine oilte eile) a chríochnú laistigh de na cúig bliana deiridh roimh an dáta iarratais nó cur isteach a éilimh ar íocaíocht nó go mbeidh córas dámhachtana nua FETAC Leibhéal 6 Ardteastas QQ1 sa Talmhaíocht (Teastas Glas) déanta aige. Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar an gceanglas, ag brath ar an gcineál iarratasóra:

- Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe nó Cuideachta, ní mór an cúrsa a bheith curtha i gcrích ag an bhfeirmeoir óg. I gcás cuideachta nach bhfuil aon fheirmeoir óg aici, féadfaidh duine de na stiúrthóirí nó bainisteoir na feirme an cúrsa a chur i gcrích.
- I gcás comhiarratas ó bheirt fheirmeoirí óga incháilithe i gcomhpháirtíocht feirme chláraithe, ní gá an cúrsa a bheith críochnaithe ach ag duine amháin de na hiarratasóirí.
- I gcás iarratasóirí aonair a bhfuil coimeádaí tréada ainmnithe acu, is féidir leis an úinéir tréada nó an

coimeádaí tréada an cúrsa sábháilteachta a chríochnú.

Ní phróiseálfar d'éileamh ar íocaíocht mura soláthraítear fianaise gur cuireadh an cúrsa i gcrích.

10. Ceanglais chánach

10.1 Ceanglais imréitigh cánach an chonraitheora

I gcomhréir le cleachtas ginearálta an Rialtais, tá íocaíocht cúnaimh airgeadais dá bhforáiltear sa Scéim seo faoi réir an choinníll, i gcás ina bhfostaíonn iarratasóir conraitheoir chun cuid den infheistíocht nó an infheistíocht uile atá san áireamh sa Scéim seo a dhéanamh, go gcaithfidh an conraitheoir sin a bheith cáin-chomhlíontach i gcás ina sáraíonn na hadmhálacha iomlána ón gconraitheoir sin €650.

Ní mór fianaise ar chomhlíonadh cánach a bheith curtha isteach tráth a thaisctear an t-éileamh ar íocaíocht , rud nach mór a chomhlánú go hiomlán, i.e., lena n-áirítear an dearbhú maidir leis na conraitheoirí a úsáideadh. Is féidir le conraitheoirí a eTC agus a gcód rochtana a chlárú ach ríomhphost a chur chuig TAMScontractors@agriculture.gov.ie. Ní mór do chonraitheoirí nach bhfuil cláraithe leis an Roinn cheana féin Foirm Chlárúcháin Custaiméara CCS (féach Iarscríbhinn E) a chomhlánú agus a chur chuig an seoladh ríomhphoist thuas. Más cuideachta é nó í an conraitheoir, ba cheart an fhoirm le haghaidh cuideachta a chomhlánú. Más trádálaí aonair é an conraitheoir, ba cheart an fhoirm aonair a chomhlánú. Ní mór fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh cánach ar dháta nach mbeidh roimh dháta eisiúna fhormheas na Roinne chun dul ar aghaidh leis na hoibreacha infheistíochta lena mbaineann. I gcás nach soláthrófar an fhianaise sin, ní bheidh an obair a dhéanfaidh an conraitheoir incháilithe le haghaidh cúnamh deontais.

10.2 Imréiteach cánach an iarratasóra

Éileofar ar gach iarratasóir a thagairt eTC agus a chód rochtana a chur faoi bhráid na hoifige áitiúla agus íocaíocht á cruthú faoi TAMS 3. Ar uimhir thagartha cánach agus cód údaraithe iarratasóra a fháil den chéad uair deimhneoidh foireann AES na Roinne na sonraí imréitigh cánach ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS). Nuair a dheimhneofar iad taifeadfar na sonraí eTC ar Chóras Bainistíochta Custaiméirí Corparáideacha (CCM) na Roinne. Coiscfear ort dréachtéileamh ar íocaíocht a chruthú mura bhfuil do shonraí eTC á gcoinneáil ag an Roinn seo. I gcás comhpháirtíochta, beidh an eTC in ainm na comhpháirtíochta NÓ eTC aonair do gach comhalta den chomhpháirtíocht.

11 Iniúchadh ag an Roinn

11.1 Iniúchadh Comhlíontachta

Forchoimeádann an Roinn an ceart aici féin chun iniúchtaí a dhéanamh aon tráth ar incháilitheacht le haghaidh na scéime agus ar oibreacha formheasta agus aon doiciméid tacaíochta. Agus iarratas ar an Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe Clóis á chur isteach, comhaontaíonn iarratasóirí cead a thabhairt d'oifigigh na Roinne iniúchtaí feirme a dhéanamh le réamhfhógra nó gan é ag aon tráth(anna) réasúnta agus gan dochar don dliteanas poiblí. **Beidh gach iniúchadh ar an láthair mar ábhar tuarascála.** Maidir le hiarratasóirí a mheastar nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais maidir le stóráil dramhaíola feirme agus cothaitheach feirme, déanfar iad a thras-tuairisciú don rannóg ábhartha na Roinne, as a bhféadfaidh pionóis nó smachtbhannaí teacht.

11.2 Ceart iontrála

Forchoimeádann an Roinn an ceart aici féin chun socrú a dhéanamh chun aon talamh, áitreabh, gléasra, trealamh, beostoc agus taifead de chuid rannpháirtithe nó iarratasóirí a iniúchadh gach tráth réasúnta chun bheith rannpháirteach sa Scéim seo. Diúltófar d'iarratas ar chúnamh nó éileamh ar íocaíocht má chuireann an tairbhí nó a ionadaí nó a hionadaí cosc ar sheiceáil ar an láthair a dhéanamh, seachas i gcásanna *force majeure* nó in imthosca eisceachtúla.

12. Pionóis agus Laghduithe

12. 1 Gearrfar pionós/laghdú cuí mura gcomhlíontar téarmaí agus coinníollacha agus critéir incháilitheachta na Scéime. Diúltófar do chúnamh deontais arna éileamh nó tarraingeofar siar go hiomlán é i gcás nach gcomhlíontar na critéir cháilitheachta. I gcásanna ina gcuirtear laghdú agus/nó pionós i bhfeidhm, cuirtear an laghdú agus/nó méid an phionóis i bhfeidhm **tar éis** iarmhéid infheistíochta an iarratasóra a ríomh.

12.2 Beidh feidhm ag pionóis maidir le sáruithe sonracha ar an Scéim agus leagtar amach in Iarscríbhinn C iad.
Beidh aon fhiacha gan íoc atá dlite don Roinn faoi réir muirir úis i gcomhréir le forálacha IR Uimh. 497 de 2022, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Méideanna a Ghnóthú) (Leasú) 2006. Gnóthófar na fiacha sin ó íocaíochtaí amach anseo mura n-aisíocann an t-iarratasóir iad go hiomlán. Ríomhfar ús don tréimhse a imíonn thart idir fógra a thabhairt don fheirmeoir faoin oibleagáid aisíocaíochta agus an aisíocaíocht nó an laghdú. Féadfar méideanna pionóis a bhaint as íocaíochtaí amach anseo atá dlite don tairbhí faoi scéimeanna eile a fhaigheann maoiniú AE. I gcás nach n-íoctar ná nach ngnóthaítear pionóis airgeadaíochta laistigh den tréimhse a iarrtar, féadfaidh an Roinn cibé gníomhaíocht a mheastar is gá a dhéanamh chun iad a ghnóthú.

12.3 Is féidir gurb é a thiocfaidh as sáruithe tromchúiseacha ar théarmaí agus coinníollacha na scéime go ndéanfar an tacaíocht a dhiúltú nó a tharraingt siar go hiomlán. Thairis sin, eisiafar an tairbhí ón mbeart céanna nó ón gcineál oibríochta céanna do bhliain féilire an chistithe agus don bhliain féilire ina dhiaidh sin.

12.4 I gcás ina meastar go ndearna an t-iarratasóir dearbhú bréagach d'aon ghnó i ndáil le haon iarratas ar chúnamh deontais faoin Scéim seo, lena n-áirítear i ndáil le haon éileamh ar íocaíocht nó aon doiciméid i ndáil leis an méid sin a ghabhann leis, eisiafar an t-iarratasóir ó thacaíocht a fháil faoin mbeart céanna nó faoin gcineál oibríochta céanna do bhliain féilire an aimsithe agus don bhliain a thagann ina diaidh. (Airteagal 35.640/2014). Chun na críche sin, tá le 'beart' an bhrí a thugtar dó le Rialachán (CE) 1305/2013 ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

12.5 I gcásanna ina gcuirtear pionóis i bhfeidhm, beidh 10 lá oibre ag iarratasóirí ón dáta a thugann an Rannóg Timpeallachta agus Struchtúr Talmhaíochta (AES) fógra foirmiúil faoin bpionós chun athbhreithniú ar an gcinneadh sin a iarraidh, agus na forais ar a bhfuil athbhreithniú á iarraidh acu á leagan amach i scríbhinn. Tabharfar fógra i scríbhinn don iarratasóir faoin toradh ar an athbhreithniú. Beidh an t-athbhreithniú tosaigh sin gan dochar do cheart achomhairc na hOifige Achomharc Talmhaíochta Reachtúla.

13 Coinníollacha Ginearálta a bhaineann leis an Scéim

13.1 Poiblíocht

Maidir le heolas i ndáil le tabhairt isteach Scéimeanna TAMS 3 agus athbhreithniú ar Scéimeanna i gcás ina n-éilítear sin, foilseofar í ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie - an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (www.gov.ie) faoin gceannteideal "Preaseisiúintí".

Ní mór cloí le ceanglais 2.2. d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán 808/2014 freisin i ndáil le freagrachtaí na dtairbhithe maidir le tacaíocht a aithint faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe i gcás ina bhfuil suíomh gréasáin gairmiúil ag an iarratasóir.

I gcás ina sáraíonn an deontas TAMS 3 iomlán €50,000 in aghaidh an iarratais, ní mór don iarratasóir plaic mhíniúcháin bhuan a chur in áit, agus lógó AE (féach thíos) ag gabháil léi ina bhfuil eolas faoin tionscadal agus aird á tarraingt ar an tacaíocht airgeadais ón Aontas. Ní mór don phlaic a bheith 300mm * 200mm ar

a laghad, agus í greamaithe go buan den infheistíocht dar tugadh deontas – mar shampla, limistéar an bhealaigh isteach chuig foirgneamh. Ar théacs na plaice ní mór an frása seo a bheith ann – 'An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe: An Eoraip ag infheistiú i gceantair thuaithe agus ní mór eolas faoin tionscadal a bheith ann. Ní mór 25 % den phlaic a chuimsiú leis an téacs.

13.2 Fógra Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Faisnéis agus Cosaint Sonraí

Tá eolas Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag gov.ie – Cosaint Sonraí (www.gov.ie)

Seo a leanas eolas sonrach i ndáil leis na sonraí pearsanta a próiseáladh mar chuid den Scéim Infheistíochta Caipitil ar beart é faoin Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS 3)

Féadfar sonraí a chomhroinnt le páirtithe eile má tá bunús dlí iomchuí acu chun na sonraí a iarraidh.

Críoch shonraithe:

Éilítear na sonraí pearsanta a lorgaítear ón iarratasóir, nó arna soláthar agatsa, an t-iarratasóir, chun iarratas a dhéanamh do TAMS agus le haghaidh próiseáil leanúnach do chonartha faoin scéim.

Mura soláthraítear na sonraí pearsanta uile a éilítear chun próiseáil an iarratais agus an chonartha a éascú, lena n-áirítear tástáil sonraí, faoin scéim, ní bheidh an Roinn in ann an t-iarratas a phróiseáil a thuilleadh. Mura soláthraíonn tú eolas áirithe a éilítear ort a sholáthar faoi Théarmaí agus Coinníollacha na scéime, d'fhéadfaí a éileamh ort airgead a íocadh cheana faoin scéim a aisíoc.

Úsáidfidh an Roinn na sonraí custaiméara atá ann cheana agus a choinnítear chun cuidiú le héifeachtúlachtaí riaracháin, agus meastar go bhfuil úsáid na sonraí ar an mbealach sin comhoiriúnach le críoch bhunaidh a mbailithe.

Féadfaidh an Roinn úsáid a bhaint as sonraí a soláthraíodh freisin agus iarratas á chur isteach faoi TAMS chun próiseáil iarratais a éascú le bheith rannpháirteach i scéimeanna gaolmhara eile arna n-oibriú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara nó chun eolas a uasdátú ar na bunachair sonraí ábhartha arna gcoinneáil ag an Roinn i dtaca leis na scéimeanna sin (e.g., sonraí talún). Tá a bunús dlí féin ag gach scéim mar atá leagtha amach faoina Théarma agus Coinníollacha féin. Seo a leanas liosta neamhchuimsitheach de na scéimeanna reatha atá beartaithe, agus an liosta sin faoi réir leasú: Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS), Liúntas Tacaíochta Ioncaim Bhunúsaigh don Inbhuanaitheacht (BISS), an Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh, Móráireamh Muc, Scéim Feirmeoireachta Orgánaí (OFS), Scéim um Fheabhsú Caorach (SIS), Scéim Leasa na gCaorach (SWS), Scéimeanna Spriocdhírithe Nuachóirithe Talmhaíochta II (TAMS II), Móráireamh Eachaí, Móráireamh Caorach, Bunachar Sonraí Náisiúnta um Úsáid Frithmhiocróbán (AMU), Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (ANC), Ráitis maidir le Nítrigin agus Fosfar, Sainaithint agus Gluaiseachtaí Ainmhithe (AIM), Ríomhchóras Sláinte Ainmhithe (AHCS), Maolú Níotráití, Scéim Comhshaoil Agra-Aeráide Tuaithe (ACRES), Scéimeanna Foraoiseachta, Seirbhís Chomhairleach Spriocdhírithe ar Shláinte Ainmhithe (TASAH).

Thairis sin, is féidir gurb é a thiocfaidh as oibriú na Scéime ná comhroinnt sonraí, i gcás ina n-éilítear sin, laistigh den Roinn. Déantar sin chun éascaíocht a dhéanamh, i measc nithe eile, do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus chuspóirí Phlean Straitéiseach CBT (CSP) agus an Phlean Forbartha Tuaithe (RDP). Leis sin, is féidir go gcumhdófar réimsí amhail bainistiú, rialú, iniúchadh agus comhlíonadh, oibleagáidí faireacháin agus meastóireachta, agus críocha staidrimh. Déanfar comhroinnt ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcríoch dar bailíodh na sonraí.

Bunús dlí:
Cuirtear TAMS chun feidhme de bhun Rialachán (AE) 1305/2013, agus is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a oibríonn í. Le hAirteagal 6(1)(c) den rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) déantar foráil maidir le próiseáil i gcás inar gá sin chun oibleagáid dhlíthiúil dá bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh; agus le hAirteagal 6(1)(e) déantar foráil maidir le próiseáil i gcás inar gá sin chun cúram arna dhéanamh chun leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe sa rialaitheoir a fheidhmiú. Féadfaidh an Roinn úsáid a bhaint as na sonraí custaiméara atá ann cheana agus a choinnítear ar bhealach a mheastar a bheith comhoiriúnach le críoch bhunaidh a mbailithe, mar atá leagtha amach thíos. Déantar sin chun cabhrú le héifeachtúlachtaí riaracháin. Féadfar cearta daoine is ábhar do na sonraí a fheidhmiú de bhun na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is é cuspóir gach cur chuige laistigh de TAMS ná sonraí ó iarratasóirí a fháil, a anailísiú agus a phróiseáil, cumarsáid a dhéanamh leo agus/nó lena gcomhairleoirí údaraithe, agus i gcás inarb infheidhme Foirne TAMS, agus ina dhiaidh sin sonraí na rannpháirtithe ceadaithe a fháil agus a phróiseáil ar feadh thréimhse a gconarthaí agus íocaíochtaí a dhéanamh leo.

Is iad na sonraí custaiméara atá le húsáid cheana ná na sonraí a cuireadh isteach le haghaidh Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS). Cuirtear BPS chun feidhme de bhun Rialachán (AE) 1306/2013, cé gurb é atá mar bhunús rialála do BISS Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT). Soláthraíonn iarratasóirí sonraí pearsanta ar Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS), agus soláthraítear iad ó Eanáir 2023 dá scéim chomharbais BISS, chun íocaíocht a éileamh agus a fháil faoin Scéim. Déanfar an tuilleadh próiseála atá beartaithe ar na sonraí pearsanta chun críche TAMS ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcríoch dár bailíodh na sonraí, e.g. chun íocaíocht a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht i Scéimeanna arna riar ag an Roinn seo faoin bPlean Forbartha Tuaithe (RDP) chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar Bhallstáit agus cuspóirí an Phlean Forbartha Tuaithe (RDP) a éascú. D'fhéadfadh sé seo réimsí amhail bainistíocht, rialú, iniúchadh agus comhlíonadh, oibleagáidí monatóireachta agus meastóireachta, agus críocha staidrimh a chlúdach.

Faighteoirí:
Mar a sonraíodh sa rannóg thuas, is féidir eolas a chuirtear ar fáil mar chuid den iarratas TAMS a roinnt le Rannáin eile laistigh den Roinn, ar mhaithe le hiarratais ar scéimeanna gaolmhara eile a phróiseáil go tráthúil agus go héifeachtúil. Déanfar an chomhroinnt sin i gcomhréir le creat reachtach CSP agus RDP agus leis an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí.

Ina theannta sin, nuair a chuireann tú iarratas TAMS isteach, féadfar cuid de do shonraí pearsanta a chur ar fáil do Ranna Rialtais/Gníomhaireachtaí/Údaráis Áitiúla/páirtithe conraithe eile, ach i gcás ina bhfuil bunús dlí bailí chun déanamh amhlaidh, agus sa chás sin amháin. I gcás inarb iomchuí, cuirfear Comhaontú um Chomhroinnt Sonraí i bhfeidhm.

Is é is cuspóir don chomhroinnt sonraí sin éascaíocht a dhéanamh, i measc nithe eile, do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus chuspóirí an Phlean Forbartha Tuaithe (RDP). Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta dó, críocha bainistíochta, rialaithe agus iniúchta, críocha faireacháin agus meastóireachta, rialuithe tras-chomhlíonta, rialuithe a bhaineann leis an reachtaíocht atá mar bhuntaca le

tras-chomhlíonadh agus na bearta Forbartha Tuaithe uile, mar a cheanglaítear le hAirteagal 65 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 809/2014 ón gCoimisiún agus chun Plean Straitéiseach CBT a fheidhmiú mar a cheanglaítear le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chomh maith leis sin, féadfar eolas pearsanta a scaoileadh faoi théarmaí na reachtaíochta ábhartha um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm agus an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Féadfar sonraí pearsanta a úsáid chun críocha staitistiúla, taighde agus anailíse i roinnt cúinsí, i measc rudaí eile, ach ní dhéanfar iad ach amháin i gcomhréir leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus leis na bearta reachtacha faoin RDP. Beidh na sonraí a úsáidfear chun na gcríoch sin faoi ainm bréige (ceilte) nó anaithnidithe, de réir mar is cuí, chun slándáil agus rúndacht na sonraí a chosaint. Má úsáidtear na sonraí ar an mbealach sin is féidir go n-éascófar don Roinn eolas a dhéanamh do chinntí beartais amach anseo, rud a rachadh chun tairbhe don fheirmeoir Éireannach agus don Earnáil Talmhaíochta. Mar chuid den scéim seo, má cheadaítear isteach sa chlár thú, féadfaidh an Roinn nó gníomhairí ábhartha a bheidh ag gníomhú thar a ceann iarraidh ort, sonraí a sholáthar i ndáil le do rannpháirtíocht sa Scéim, agus cigireachtaí/measúnuithe ar an bhfeirm a éascú, nuair is gá chun críocha measúnaithe, fíoraithe, meastóireachta, nó taighde dá bhforáiltear faoi na Rialacháin (Rialachán AE 2021/2115 agus Rialachán AE 2021/2116). Mura soláthraíonn tú an t-eolas sin, is féidir go ndéanfar neamhbhailí d'iarratas nó go gcuirfear ar ceal é.

Aistrithe lasmuigh den AE:
I láthair na huaire, ní dhéantar eolas a sholáthraítear mar thaca le hiarratas faoi TAMS a tharchur lasmuigh den AE.

Tréimhse Choinneála:
Maidir leis na sonraí a chuireann an duine is ábhar do na sonraí isteach mar thaca leis an iarratas, ní choinneoidh RTBM iad ach fad is gá i gcomhréir leis na críocha dar bailíodh iad. Tar éis an trátha sin, marcálfar iad lena scriosadh agus scriosfar iad i gcomhréir le treoirlínte inmheánacha nó treoirlínte le haghaidh scriosta a fhaightear ón Oifig Cartlainne Náisiúnta nó ceadanna gaolmhara a fhaightear uathu.

Ó am go chéile is féidir go n-éileofar le TAMS sonraí íogaire i ndáil le hathbhreithnithe agus achomhairc, is féidir leis an iarratasóir a iarraidh nach gcoinnítear na sonraí sin tar éis cinneadh ach ní mór dó nó di gealltanas a thabhairt go gcoinneoidh sé nó sí na sonraí ar feadh íostréimhse cúig bliana tar éis íocaíocht a fháil agus iad a thabhairt ar aird nuair a iarrtar sin.

Soláthar sonraí ina oibleagáid reachtúil nó chonarthach:
Tá na sonraí a sholáthraítear chun na críche sin á n-iarraidh faoi cheanglais Rialacháin (AE) CBT 2021/2115, 2021/2116, lena n-áirítear an reachtaíocht thánaisteach ábhartha, agus Rialachán (AE) CBT 1305/2013 lena n-áirítear an reachtaíocht thánaisteach ábhartha. Má shocraíonn an custaiméir gan an t-eolas ábhartha is gá a sholáthar ní féidir a iarratas nó a hiarratas nó a chonradh nó a conradh do TAMS a phróiseáil a thuilleadh.

Cinnteoireacht Uathoibrithe:
Déanfar sonraí pearsanta a sholáthraítear agus iarratas á chur isteach faoi TAMS a phróiseáil go huathoibríoch chun an scéim a reáchtáil go héifeachtúil, agus chun na rannpháirtithe a íoc go tráthúil. Féadfar cinnteoireacht uathoibrithe a úsáid chun rannpháirtithe a roghnú le haghaidh iniúchadh i gcomhréir le creat reachtach CSP agus RDP agus dlí ábhartha maidir le cosaint sonraí.

Eolas ó Thríú Páirtí:
Féadfaidh tríú páirtí sonraí a sholáthar do RTBM thar ceann an duine aonair, mar shampla Comhairleoir Talmhaíochta an duine aonair, i gcás inar féidir a léiriú gur thug an duine aonair údarú chun go dtarlóidh sin. Ina theannta sin, féadfaidh sonraí a bheith á bhfáil ag an Roinn ó thríú páirtithe, chun éascaíocht a dhéanamh, i measc nithe eile, do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus chuspóirí

an Phlean Forbartha Tuaithe (RDP). Plean Straitéiseach CBT agus forálacha reachtacha eile. Leis sin, is féidir go gcumhdófar réimsí amhail bainistiú, rialú, iniúchadh agus comhlíonadh, oibleagáidí faireacháin agus meastóireachta, agus críocha staidrimh.

Is é cuspóir iomlán TAMS féin rannchuidiú le réimse cuspóirí mar atá leagtha amach in RDP agus CSP. Déanfar sonraí, lena n-áirítear eolas pearsanta feirmeora (ainm, sonraí teagmhála, eolas talún) a chomhroinnt laistigh den Roinn, faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime. Féadfaidh feirmeoirí comhairleoir a fhostú chun a n-iarratas a chomhlánú, lena n-áirítear comhlánú na ndoiciméad uile is gá.

Eolas teicniúil maidir leis na sonraí a bailíodh
Tá eolas teicniúil maidir leis na fianáin a úsáid ar shuíomh gréasáin Gov.ie, tá sé le fáil ag an nasc seo a leanas: gov.ie - Beartas Príobháideachais (www.gov.ie)

13.3 An tAonad um Fhiosruithe Oidhreachta

Tá an tAonad um Fhiosruithe Oidhreachta le fáil do bhaill teaghlaigh agus ionadaithe dlíthiúla feirmeoirí éagtha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na scéimeanna sin a shainaithint ina raibh an duine éagtha rannpháirteach agus a shuí cé acu atá aon íocaíocht gan íoc dlite d'eastáit an duine éagtha.
- Cuidiú leis na hionadaithe dlíthiúla chun teagmháil a dhéanamh le ranna éagsúla den Roinn
- Comhairle a thabhairt maidir leis na doiciméid dhlíthiúla a éilítear
- Socruithe a dhéanamh chun aon íocaíochtaí gan íoc atá dlite d'eastát an duine éagtha a eisiúint agus chun aon teidlíochtaí íocaíochta aonair (más ann) a aistriú

Gníomhóidh an tAonad mar thaisclann aonair le haghaidh doiciméadacht aonair arna cur isteach ag ionadaithe an duine éagtha agus an gá á bhaint, dá réir sin, chun cóipeanna dúblacha a chur ar aghaidh chuig rannóga éagsúla laistigh den Roinn.

A luaithe is féidir, ba cheart d'ionadaí dlí eastáit feirmeora éagtha agus/nó don aturnae a ghníomhaíonn thar ceann an eastáit teagmháil a dhéanamh le:

An tAonad um Fhiosruithe Oidhreachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foirgneamh Eircom, Seanbhóthar Chnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise, R32 YK81
Teil: 057 8689995
Ríomhphost: inheritance@agriculture.gov.ie

13.4 Force Majeure nó cúinsí eisceachtúla

Gan dochar do na cúinsí iarbhír atá le cur san áireamh i gcásanna aonair, féadfaidh an Roinn na catagóirí seo a leanas de *force majeure* a aithint ionas nach gá an cúnamh a fuair an tairbhí a aisíoc go páirteach nó go hiomlán: -

- bás an tairbhí;
- éagumas gairmiúil fadtéarmach an tairbhí;
- cuid mhór den ghabháltas a dhíshealbhú mura bhféadfaí an díshealbhú sin a ionchasú an lá a thaisctear an t-iarratas;
- tubaiste nádúrtha tromchúiseach, lena ndéantar difear tromchúiseach don ghabháltas;
- scrios tionóisceach foirgneamh beostoic ar an ngabháltas;
- galar eipeasótach nó planda lena ndéantar difear do chuid de bheostoc nó barra an tairbhí faoi seach nó díobh uile.

Tabharfaidh an tairbhí nó a chomhairleoir nó a comhairleoir talmhaíochta/a shainchomhairleoir nó a sainchomhairleoir talmhaíochta/a innealtóir nó a hinnealtóir talmhaíochta fógra maidir le cásanna *force majeure* nó cúinsí eisceachtúla, i dteannta fianaise ábhartha, d'oifig AES áitiúil na Roinne laistigh de 15 lá

oibre ón dáta atá an tairbhí, nó a chomhairleoir nó a comhairleoir talmhaíochta/a shainchomhairleoir nó a sainchomhairleoir talmhaíochta/nó a innealtóir nó a hinnealtóir talmhaíochta in ann é sin a dhéanamh.

13.5 Achomhairc chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta

I gcás ina ndéantar cinneadh lena ndiúltaítear do theidlíocht iarratasóra faoin Scéim nó lena ndéantar difear ar shlí eile dó sin, tá an ceart ag an iarratasóir, de bhua an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, an cinneadh sin a achomharc chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta. Ní mór an t-achomharc a dhéanamh, i scríbhinn, laistigh de thrí mhí ó dháta an chinnidh. Ní mór a áireamh san achomharc na fíricí agus na cointinní a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir brath orthu i dteannta cibé fianaise dhoiciméadach ar mian leis an iarratasóir a chur isteach mar thaca lena achomharc nó lena hachomharc.

IARSCRÍBHINN A

Doiciméadacht Dhlíthiúil a Éilítear ó Iarratasóir

Éilítear an fhianaise ar theideal seo a leanas chun bheith rannpháirteach sa Scéim seo. Níor cheart ach cóipeanna den doiciméadacht seo a leanas, atá deimhnithe mar chóipeanna dílse de na bunchóipeanna ag comhairleoir talmhaíochta/sainchomhairleoir talmhaíochta, comhairleoir socheacnamaíoch nó aturnae, a bheith ag gabháil leis an iarratas. Ach amháin má iarrtar sin go sonrach, níor cheart doiciméid bhunaidh a sholáthar. Ní mór d'aturnae tabhairt faoi na tíolacais uile.

A. Tailte faoi Úinéireacht

(i) Talamh Cláraithe *(Talamh atá cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine)*
Cóip cothrom le dáta d'Fhóilió nó Fóiliónna agus Plean nó Pleananna Comhad ann lena léirítear go bhfuil an t-iarratasóir ina úinéir cláraithe/
chomhúinéir/ina thionónta i gcoiteannas ***nó,*** i gcás nár cuireadh an clárú i gcrích, Gníomhas Aistrithe nó Gníomhas Aontaithe, é stampáilte i gcás inarb iomchuí, lena n-aistrítear an talamh chuig an iarratasóir amháin, i gcomhpháirt nó i gcoiteannas i dteannta Léarscáil den talamh a aistríodh amhlaidh, Uimhir Dhéileála an Údaráis Clárúcháin Maoine agus cóip/cóipeanna cothrom le dáta den mháthair-Fhóilió de na máthair-Fhóiliónna agus den Phlean Comhad nó de na Pleananna Comhad. I gcás ina gcoinnítear tailte mar chomhúinéir/tionónta i gcoiteannas agus ina bhfuil an t-úinéir nó na húinéirí eile ag feirmeoireacht agus nach bhfuil sé nó sí nó siad uile ainmnithe ar an uimhir TAMS, ní mór léas dá páirt dá pháirt nó dá bpáirt nó dá sciar nó Gníomhas Deighilte stampáilte, léarscáil agus Uimhir Dhéileála an Údaráis Clárúcháin Maoine a chur isteach. Mura bhfuil an comhúinéir nó na comhúinéirí/an tionónta nó na tionóntaí i gcoiteannas ag feirmeoireacht, éilítear Litir Toilithe maidir le tógáil an struchtúir / infheistíocht fheistithe air nó uirthi nó orthu.

(i) Talamh Neamhcláraithe *(Gníomhais atá cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine)*
Gníomhais teidil na talún, a bhfuil an ceann is déanaí díobh ina Ghníomhas Tíolacais stampáilte nó ina Ghníomhas Aontaithe, stampáilte i gcás inarb iomchuí, lena ndéantar an talamh a thíolacadh chuig an iarratasóir amháin, i gcomhpháirt nó i gcoiteannas agus é cláraithe go cuí leis an Údarás Clárúcháin Maoine i dteannta na Léarscáile den talamh a tíolacadh amhlaidh.

(iii) An Chéad Chlárú
Talamh atá ina ábhar Iarratais ar an gCéad Chlárú faoi Alt 49, an tAcht um Chlárú Talún,
1964, níl sé incháilithe chun críoch na Scéime seo mura bhfuil sé cláraithe roimh iarratas a dhéanamh faoin Scéim. Iarratais ar an gCéad Chlárú trí Tharchuir maidir le Bás, Clárú Éigeantach agus iad sin bunaithe ar theideal neamhcláraithe iomlán, tá siad inghlactha ar choinníoll go bhfuil siad deimhnithe amhlaidh ag an Údarás Clárúcháin Maoine.

(iv) Talamh Choimisiún na Talún
I gcás nach bhfuil an teideal chun talún arna leithroinnt ag Coimisiún na Talún cláraithe fós leis an Údarás Clárúcháin Maoine, tá an méid seo a leanas ina fhianaise inghlactha ar theideal: -

a) Litir lena ndeimhnítear an leithroinnt ar an iarratasóir ó Rannóg Tailte na Roinne.
b) I gcás inar leithroinneadh talún ar úinéir roimhe sin, soláthróidh an t-iarratasóir fianaise dhoiciméadach, Gníomhas Tíolacais/Aontaithe, stampáilte i gcás inarb iomchuí, ar an úinéireacht thairbhiúil agus/nó deimhniú ón Rannán Tailte go bhfuil an t-iarratasóir ar an leithroinní atá ann faoi láthair.

(v) Oidhreacht
Soláthróidh iarratasóir atá i dteideal tairbhiú d'eastát duine éagtha, i dteannta dhoiciméid teidil an duine éagtha amhail (i), (ii), (iii) agus (iv) thuas, an Deonú Probháide/na Litreacha Riaracháin (agus Uacht nó Díthiomnóir ionghafa) agus Gníomhas Aontaithe lena léirítear an teidlíocht sin i dteannta Léarscáil agus Uimhir Dhéileála an Údaráis Clárúcháin Maoine i gcás talamh cláraithe nó clárúcháin gníomhais an Údaráis Clárúcháin Maoine i gcás talamh neamhchláraithe.

(vi) Tailte faoi Fhorghabháil Thairbhiúil
Cuirfidh ball teaghlaigh d'úinéir cláraithe (i gcomhréir le míreanna (i) nó (ii) thuas) Mionnscríbhinn faoi Mhionn isteach agus a stádas baill teaghlaigh á shonrú don úinéir cláraithe agus á shonrú a thuilleadh go bhfuil sé nó sí i seilbh na dtailte gan cheistiú agus go bhfuil na cíosanna agus na brabúis á bhfáil acu ar feadh cúig bliana ar a laghad.

B. <u>Eastát Sainoidhrithe</u>
I gcás ina bhfuil teideal ag an iarratasóir trí Leas Saoil, soláthrófar an tSocraíocht, nó sliocht ábhartha as sin, leis an iarratas.

C. <u>Léasanna</u>
Le téarma nó fuíoll an Léasa cumhdófar cúig bliana ar a laghad ó dháta na híocaíochta deontais TAMS 3 deiridh agus: -

(i) beidh Léarscáil de na tailte a fhaightear ar léas ag gabháil leis
(ii) sonrófar ann an téarma agus na dátaí feidhme leis
(iii) soláthrófar fianaise ar an stampa ioncaim ach amháin i gcás ina dtagann sé ó chéile
(iv) sonrófar leis an cíos bliantúil
(v) sonrófar leis an limistéar, an suíomh agus an uimhir nó na huimhreacha Fóilió agus an Clár (talamh cláraithe)
(vi) sonrófar leis an limistéar, an baile fearainn, an Bharúntacht agus an Contae (talamh neamhchláraithe)
(vii) aon leasuithe nó síntí le Léasanna déanfar iad trí ghníomhas athraithe nó formhuinithe
(viii) beidh doiciméid úinéireachta ag gabháil leis ón léasóir le haghaidh na dtailte faoi réir an léasa.
(ix) Aon chlásal cúlghairme i léas, níor cheart é a bheith infheidhme laistigh de 5 bliana ó-dháta na híocaíochta TAMS 3 deiridh.
(x) Chun aon athruithe a dhéanamh ar chomhaontú léasa, tá gá le Gníomhas Athraithe, rud a fhianófar agus a shíneofar.
(xi) Mura bhfuil clós feirme ar léarscáil BPS/BISS, ní bheidh sé incháilithe le haghaidh níotráití ná cúnamh deontais mura mbeidh léas sínithe i bhfeidhm ar feadh 5 bliana ar a mhéid tar éis dháta na híocaíochta

IARSCRÍBHINN B

Liosta na n-infheistíochtaí incháilithe
Íoctar an Scéim seo ag ráta 40%

Infheistíocht	Fo-infheistíocht	Éilítear Cead Pleanála (féach mír 4.2)	Éilítear Líníochtaí Mionsonraithe (5.3)	Sceitse den Chlós Feirme (FYP) (5.3)	Na Níotráití Ábhartha	Saothar Dílis ceadaithe	Cárta A – Fógra Tosaithe maidir le coincréit a dhoirteadh (féach Mír 7)	Éilítear Sraithuimhir
Umar Maischoincréite Éadomhain								
	Umar glactha	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain cearnógach nó dronuilleogach	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain L-chruthach	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain T-chruthach	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain U-chruthach	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain H-chruthach	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain H-chruthach dúbailte	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain + chruthach	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar éadomhain de chruth taoschnó	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Umar Coincréite Réamhtheilgthe, an clúdach ina measc, Toirt an umair – lítir	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Níl	Níl
	Tráidirí sciodair san umar	Níl	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Córais Shruthlaithe san umar	Níl	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Córas scríobaire san umar	Níl	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Córais Fholúis san umar	Níl	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Córas fuaraithe san umar	Níl	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Achar na leice HD le haghaidh umar atá go hiomlán lasmuigh	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Clúdaigh dhúnphoill le haghaidh umar atá go hiomlán lasmuigh	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Aonaid Dáileora Cógas								
	Cró aonair Socraithe sa dáileoir cógas uisce d'aonad na muc	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Cró aonair Socraithe sa dáileoir cógas beatha d'aonad na muc	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Umar measctha Beatha a bhfuil leigheas ann (toirt iomlán)	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas rialaithe beatha ríomhairithe le haghaidh beathú cró aonair	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas seachadta beatha sprice a bhfuil leigheas ann do chró aonair in aonad na muc	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Socraithe sa dáileoir cógas uisce don aonad éanlaithe clóis	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Méadair uisce								
	méadar uisce le haghaidh tithíocht muc	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	méadar uisce le haghaidh tithíocht éanlaithe clóis	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl

Infheistíocht	Fo-infheistíocht	Éilítear Cead Pleanála (féach mír 4.2)	Éilítear Líníochtaí Mionsonraithe (5.3)	Sceitse den Chlós Feirme (FYP) (5.3)	Na Níotráití Ábhartha	Saothar Dílis ceadaithe	Cárta A – Fógra Tosaithe maidir le coincréit a dhoirteadh (féach Mír 7)	Éilítear Sraithuimhir
Aonaid Aisghabhála Teasa / Teaschaidéil								
	Aonaid aisghabhála teasa le haghaidh muc agus éanlaith chlóis	Níl	Tá	FYP	Níl	Níl	Níl	Níl
	Teaschaidéil aerfhoinsithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Níl	Níl	Níl
Coirí atá éifeachtúil ar fhuinneamh								
	Coire bithmhaise	Níl	Tá	FYP	Níl	Níl	Níl	Níl
Uasghrádú an Chórais Beatha le haghaidh laghdú cógais agus éifeachtúlacht fuinnimh								
	Córas nua measctha beatha fliuch chun ligean don bheatha coipeadh (rialaitheoir, umair agus caidéil)	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Uasghrádú ar an gcóras beatha fliuch atá ann chun ligean don bheatha coipeadh (umair agus caidéil nua)	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Trachanna le haghaidh Cránacha Seisce	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Trachanna le haghaidh Ramhraitheoirí	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Trachanna le haghaidh coisceoirí	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Rialaitheoir minicíochta le haghaidh córas beathaithe éanlaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Rialaitheoir minicíochta le haghaidh caidéil beatha agus mótair measchthóra mine	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh le haghaidh teach breithe banbh								
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Doirse inslithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Insliú Balla	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Insliú dín	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Córas Aerála	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Pillíní Teasa Leictrigh	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Pillíní Teasa Uisce	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Boscaí bacphoill inslithe – Clúdaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh le haghaidh tithíocht choiscthe								
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Doirse inslithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Insliú Balla	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Insliú dín	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Córas Aerála - Tithíocht Choiscthe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Pillíní Teasa Leictrigh	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Pillíní Teasa Uisce	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Cumhdaigh bacphoill	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl

Infheistíocht	Fo-infheistíocht	Éilítear Cead Pleanála (féach mír 4.2)	Éilítear Líníochtaí Mionsonraithe (5.3)	Sceitse den Chlós Feirme (FYP) (5.3)	Na Níotráití Ábhartha	Saothar Dílis ceadaithe	Cárta A – Fógra Tosaithe maidir le coincréit a dhoirteadh (féach Mír 7)	Éilítear Sraithuimhir
	Córas teasa indíreach	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh le haghaidh Tithíocht Ramhraitheora								
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Doirse inslithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Insliú Balla	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Insliú dín	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Córas Aerála	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Tithíocht Muc								
	Teach Cráin Seisce	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Teach Breithe Banbh Faoi Shaoirse	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Locadh breithe banbh faoi shaoirse i dteach atá ann cheana	Níl	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Teach Coiscthe na Chéad Chéime	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Teach Coiscthe na Dara Céime	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Teach Fáis / Méathaithe cruthach	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Teach Fáis / Méathaithe Trobridge	Tá	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Sciúrthóirí Amóinia	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Córas Seachadta Ábhair Láimhsithe (Tuí)	Níl	Tá	FYP	Tá	Tá	Tá	Níl
	Balla Coiteann	Níl	Tá	FYP	Níl	N/B	N/B	Níl
	Lataí atá ann cheana	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Coincréit Choimhdeach	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Meá								
	Meá Baisce do mhuca	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl
Uasghrádú Éifeachtúlachta Fuinnimh don Teach Éanlaithe								
	Insliú Dín	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Insliú Balla	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Tá	Níl
	Doirse inslithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh le haghaidh teach béaróige saor-raoin	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh le haghaidh tithe gríoscacháin	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh le haghaidh tithe póraitheora éanlaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh le haghaidh tithe turcaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh le haghaidh tithe lachan	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Soilsiú atá éifeachtúil ar fhuinneamh le haghaidh tithe póraitheoirí	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl

Infheistíocht	Fo-infheistíocht	Éilítear Cead Pleanála (féach mír 4.2)	Éilítear Líníochtaí Mionsonraithe (5.3)	Sceitse den Chlós Feirme (FYP) (5.3)	Na Níotráití Ábhartha	Saothar Dílis ceadaithe	Cárta A – Fógra Tosaithe maidir le coincréit a dhoirteadh (féach Mír 7)	Éilítear Sraithuimhir
	Feananna aerála agus córas rialaithe le haghaidh teach béaróige saor-raoin	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Feananna aerála agus córas rialaithe le haghaidh teach gríoscacháin	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Feananna aerála agus córas rialaithe le haghaidh teach póraitheora éanlaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Feananna aerála agus córas rialaithe le haghaidh Teach turcaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Feananna aerála agus córas rialaithe le haghaidh teach lachan	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Feananna aerála agus córas rialaithe le haghaidh Teach póraitheoirí	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas dínéalaithe chun an teach éanlaithe a fhuarú agus a thaisriú	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Urlár coincréiteach ionaid le haghaidh rialú teochta	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas teasa indíreach	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Áiseanna laghdaithe galar do thithe éanlaithe atá ann cheana								
	Comhlaí amuigh coincréite do thithe éanlaithe saor-raoin	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas óltóra do theach gríoscacháin éanlaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas óltóra do theach sraithe éanlaithe saor-raoin	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas óltóra do theach póraitheora saor	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas óltóra do theach turcaithe	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas óltóra do theach lachan	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córas óltóra do theach póraitheora saothróra	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Coincréit choimhdeach	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Stór Ábhar Láimhsithe								
	Stór Ábhar Láimhsithe	Tá	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
Cóireáil Ghráin								
	Riarthóir cóireála leachta	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl
Bearta bithshlándála								
	Córais ceamaraí slándála	Níl	Níl	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Córais Nite Roth Uathoibrithe	Tá	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl
	Scairdniteoir te	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá
	Áiseanna stórála fuar le haghaidh éanlaith a fuair bás	Níl	Tá	FYP	Níl	Tá	Níl	Níl

Infheistíocht * = 12 mhí ó dháta eisithe an fhormheasa go dtí cur i gcrích na hinfheistíochta agus cur isteach an éilimh ar íocaíocht.
Infheistíocht ** = Ar fáil freisin faoin Scéim um Shábháilteacht Feirme TAMS 3 ag leibhéal níos airde de 60%

IARSCRÍBHINN C

Sceideal na bPionós

Mura gcomhlíontar forálacha I.R. 113 de 2022, Rialachán an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí) 2014 agus I.R. 393 de 2022, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-Chleachtas Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí) (Leasú) agus aon leasuithe ina dhiaidh sin ar na rialacháin seo agus na Rialacháin maidir le Leas Ainmhithe agus Sláinteachas Déiríochta, i gcomhréir le Roinn 5.4, is féidir go dtiocfaidh neamh-incháilitheacht agus pionós tras-chomhlíontachta as sin.

Maidir le hiarratasóirí a mheastar nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais maidir le stóráil dramhaíola feirme agus cothaitheach feirme, rialacháin maidir le sláinteachas déiríochta nó leasa ainmhithe mar thoradh ar iniúchadh ar an bhfeirm, déanfar iad a thras-tuairisciú do rannóg ábhartha na Roinne, as a bhféadfaidh pionóis nó smachtbhannaí teacht.

Tabhair faoi deara — mar chuid de ríomh na híocaíochta cúnaimh deontais, laghdaítear uasteorainn infheistíochta an iarratasóra/na n-iarratasóirí sula gcuirtear pionós nó laghdú i bhfeidhm.

	Neamhchomhlíonadh	**Pionós**
1	Eolas bréagach nó míthreorach i bhfoirm iarratais, éileamh ar íocaíocht agus/nó doiciméadacht tionlacain	• Níl aon chúnamh iníoctha nó forchúiteamh 100% ar chúnamh deontais a íocadh. • Eisiamh ón scéim do bhliain féilire an chinnidh agus don bhliain féilire ina dhiaidh sin.
2	Úsáid infheistíochtaí chun críoch seachas na críocha atá beartaithe ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis dháta na híocaíochta deiridh i leith na hinfheistíochta dar tugadh cúnamh deontais	Laghdú 100% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha
3	Mainneachtain an Roinn a chur ar an eolas 5 lá oibre ar a laghad roimh dhaingniú deiridh atreisithe cruach agus roimh dhoirteadh na coincréite	Laghdú 5% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha.
4	Athruithe ar shuíomh infheistíochta ga~~n~~ bheith curtha isteach leis an éileamh ar íocaíocht.	Laghdú 5% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha. *
5	Níor cuireadh formheas ón Údarás Áitiúil Pleanála maidir leis an athrú struchtúrach isteach leis an éileamh ar íocaíocht (éilítear Cead Pleanála a chur isteach fós), nó rinneadh Éileamh Neamhiomlán agus níor cuireadh isteach na doiciméid agus na deimhnithe uile a éilítear.	Laghdú 5% ar an gcúnamh deontais má sháraítear na lamháltais a thugtar i mír 8.3 nó mura gcuirtear na doiciméid uile isteach. *
6	Ró-éileamh is mó ná 3% ar thoise nó cainníochtaí infheistíochta nó infheistíochtaí	Dealú toise/cainníochtaí a ró-éilíodh ón toise/na cainníochtaí a chinntear tráth an iniúchta chun toise/cainníochtaí a chinneadh le haghaidh íocaíochta *
7	Ró-éileamh is mó ná 25% ar thoise/chainníochtaí infheistíochta nó infheistíochtaí	Laghdú 100% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha *
8	Gan Infheistíocht a úsáid nó athrú ar incháilitheacht na n-iarratasóirí	Laghdú 100% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha
9	Ró-éileamh is mó ná 10% ar chaiteachas incháilithe	Dealú ró-éilimh ón méid incháilithe iníoctha don infheistíocht ábhartha agus dealú pionóis den chéatadán ró-éilimh ó gach príomhinfheistíocht
10	Infheistíochtaí gan bheith i gcomhréir le Sonraíochtaí na Roinne (i gcás nach féidir an t-easnamh a leigheas: a) Easnamh aimsithe ag an gcéad iniúchadh roimh an íocaíocht nó ina dhiaidh sin b) Easnaimh lena ndéantar difear do shláine struchtúrach, saolré nó sábháilteacht na hinfheistíochta agus an innealra / an trealaimh gan bheith de réir sonraíochta.	Laghdú 10% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha * Laghdú 100% ar chúnamh deontais na hinfheistíochta ábhartha *

	c) Leatháin dín agus cumhdaigh: gan bheith stampáilte nó gan bheith i gcomhréir le Sonraíocht S.102. d) Láimhseáil cruach tógála gan bheith i gcomhréir le Sonraíochtaí. e) Easnaimh nach ndéantar difear leo do shláine struchtúrach, saolré ionchais ná sábháilteacht na hinfheistíochta. f) Mainneachtain chun táirgí atá marcáilte CE agus Deimhnithe a úsáid. g) Fráma cruach tógála gan bheith monaraithe chuig IS EN 1090, marcáilte CE agus deimhnithe.	Laghdú 100% ar chúnamh deontais na hinfheistíochta ábhartha * Laghdú 10% ar chúnamh deontais na hinfheistíochta ábhartha * Laghdú 10% ar chúnamh deontais na hinfheistíochta ábhartha * Laghdú 100% ar chúnamh deontais na hinfheistíochta ábhartha * Laghdú 100% ar chúnamh deontais na hinfheistíochta ábhartha *
11	Infheistíochtaí gan bheith i gcomhréir le Sonraíochtaí na Roinne, i gcás inar féidir an t-easnamh a leigheas a) Easnamh aimsithe ag an gcéad iniúchadh roimh an íocaíocht nó ina dhiaidh sin b) Easnamh aimsithe ag an dara hiniúchadh roimh an íocaíocht nó ina dhiaidh sin	 Laghdú 10% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha * Laghdú 10% nó 100% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha de réir na déine agus na héifeachta ar shláine struchtúrach *
12	Mainneachtain ceanglais phoiblíochta a chomhlíonadh mar a leagtar amach i Mír 12.1	Tiocfaidh laghdú 1% as sin.
13	Tosú tógála nó suiteáil oibre infheistíochta roimh fhormheas	Diúltú don fho-infheistíocht ábhartha
14	Cur isteach déanach éilimh ar íocaíocht **Rud atá mionsonraithe ar Sceideal TAMS 3 maidir le Pionós as bheith Déanach** Éileamh curtha isteach suas le 14 seachtaine déanach Éileamh curtha isteach os cionn 14 seachtaine déanach	 Laghdú 1% ar chúnamh deontais sa tseachtain nó i gcuid de Laghdú 100% ar chúnamh deontais
15	Doiciméid tacaíochta riachtanacha gan bheith curtha isteach laistigh de fhráma ama sonraithe	Laghdú 100% ar chúnamh deontais don infheistíocht ábhartha nó do na hinfheistíochtaí ábhartha nó do na fo-infheistíochtaí ábhartha
16	Díscaoileadh comhpháirtíochta feirme cláraithe tar éis cúnamh deontais a íoc. Uasteorainn infheistíochta laghdaithe chuig €90,000: Tiocfaidh laghdú 20% ar an ráta forchúitimh do gach bliain atá an chomhpháirtíocht i bhfeidhm tar éis an cúnamh deontais a íoc:	Forchúiteamh aon chúnaimh deontais a íocadh de bhreis ar €90,000 **Bliain** — **Ráta Aisíocaíochta** 0-1 — 100% 1-2 — 80% 2-3 — 60% 3-4 — 40% 4-5 — 20%

*Tá ríomh an phionóis bunaithe ar chostais tagartha

TAMS 3 Sceideal Pionóis as a bheith Déanach

Éileamh líon laethanta déanach	% Pionós	Éileamh líon laethanta déanach	% Pionós	Éileamh líon laethanta déanach	% Pionós
0	*Dáta críochnaithe*	**41**	6%	**82**	12%
1	1%	**42**	6%	**83**	12%
2	1%	**43**	7%	**84**	12%
3	1%	**44**	7%	**85**	13%
4	1%	**45**	7%	**86**	13%
5	1%	**46**	7%	**87**	13%
6	1%	**47**	7%	**88**	13%
7	1%	**48**	7%	**89**	13%
8	2%	**49**	7%	**90**	13%
9	2%	**50**	8%	**91**	13%
10	2%	**51**	8%	**92**	14%
11	2%	**52**	8%	**93**	14%
12	2%	**53**	8%	**94**	14%
13	2%	**54**	8%	**94**	14%
14	2%	**55**	8%	**95**	14%
15	3%	**56**	8%	**96**	14%
16	3%	**57**	9%	**97**	14%
17	3%	**58**	9%	**98**	14%
18	3%	**59**	9%	**99**	100%
19	3%	**60**	9%	**99+**	100%
20	3%	**61**	9%		
21	3%	**62**	9%	**Dáta éaga an fhormheasa / dáta críochnaithe = lá 0**	
22	4%	**63**	9%		
23	4%	**64**	10%		
24	4%	**65**	10%		
25	4%	**66**	10%	**Méadú 1% sa phionós gach 7 lá a mbíonn éileamh déanach**	
26	4%	**67**	10%		
27	4%	**68**	10%		
28	4%	**69**	10%		
29	5%	**70**	10%	**99 lá déanach agus gach lá a bheifear déanach ina dhiaidh sin = pionós 100%**	
30	5%	**71**	11%		
31	5%	**72**	11%		
32	5%	**73**	11%		

33	5%	**74**	11%	**98 lá = 14 seachtaine** **Gan spásas**
34	5%	**75**	11%	
35	5%	**76**	11%	
36	6%	**77**	11%	
37	6%	**78**	12%	
38	6%	**79**	12%	
39	6%	**80**	12%	
40	6%	**81**	12%	

IARSCRÍBHINN D

Ríomh na nAonad Táirgeachta le haghaidh Dianfhiontar

Leis an tábla thíos leagtar amach conas a ríomhtar na hAonaid Táirgeachta i leith na ndianfhiontar seo a leanas:

Táirgeacht Muc: Pórú Cránacha amháin Pórú agus Críochnú Cránacha Críochnú Muc amháin	 0.8 aonad 1.1 aonaid 6.0 aonad/100 áit muc
Gríoscacháin	3.0 aonad/1000 áit éan
Póraitheoirí Gríoscachán/Béaróg	8.0 aonad/1000 áit éan
Béaróga	3.0 aonad/1000 áit éan
Turcaithe (ramhrú)	3.0 aonad/1000 áit éan
Táirgeadh Uibheacha Saor-Raoin	1.5 aonad/100 áit éan
Lachain/Géanna/Éanlaithe Feirme Eile	3.0 aonad/ 1000 áit éan
Muisiriúin	20 aonad in aghaidh tollán 30 méadar
Barra tí glaine	125 aonad in aghaidh an heicteáir
Táirgeadh (línéir) plandlainne	75 aonad in aghaidh an heicteáir
Táirgeadh tor (coimeádáin)	50 aonad in aghaidh an heicteáir
Crainn ornáideacha, páirc a fásadh	25 aonad in aghaidh an heicteáir
Fia	0.3 aonad

IARSCRÍBHINN E

(CCS CR/CY)

FOIRM CHLÁRAITHE CUSTAIMÉIRÍ CCS – CUIDEACHTA

LE COMHLÁNÚ AG AN gCUSTAIMÉIR

*Uimh. CBL:	Agus/Nó *AITHEANTÓIR NA CUIDEACHTA:
*AINM NA CUIDEACHTA:	
AINM TRÁDÁLA:	
*NÁISIÚNTACHT:	*TEANGA:
UIMH. FOSTÓRA:	AINM AN TEAGMHÁLAÍ:
*SEOLADH POIST:	*SEOLADH GNÓ (más éagsúil)
Éirchód: ☐☐☐ ☐☐☐☐	Éirchód: ☐☐☐ ☐☐☐☐
Uimh. Theileafóin:	Uimh. Facs:
Uimh. Fóin Póca:	Seoladh Ríomhphoist:
Eiseofar duillíní íocaíochta agus comhfhreagras eile chuig an seoladh ríomhphoist seo	
SONRAÍ IMRÉITIGH CÁNACH: ***Rochtana agus TRN do eTC)***	***Éilítear Cód***
Má tá do ghnólacht faoi dhliteanas i leith **Seirbhísí Gairmiúla** tá sé faoi réir **Cáin Shiarchoinneálach.** Má bhaineann do ghnólacht le **Tionscail Foirgníochta, Foraoiseachta nó Próiseála Feola** tá íocaíochtaí faoi réir **Cáin Conarthaí Ábhartha.** Cuir tic sa bhosca ábhartha thíos. **Cáin Shiarchoinneálach** ☐ **Cáin Conartha Ábhartha** ☐	
ID REATHA AN GHNÓLACHTA NÓ RÓL LEIS AN ROINN:	
Síniú:	
Dáta:	

Comhlánaigh an fhoirm seo ina hiomláine agus cuir í ar ais go **Rannóg TAMS 3, Infheistíochtaí ar an bhFeirm, Eastát Chaisleán Sheáin, Loch Garman**. Is féidir Foirmeacha Comhlánaithe a sheoladh ar ais freisin mar ríomhphost chuig: TAMScontractors@agriculture.gov.ie . Cuir isteach sonraí bainc, le do thoil, má bheartaíonn tú íocaíochtaí a fháil ón Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara.

**Tá aon réimse a chuirtear in iúl le réiltín éigeantach agus ní mór é a chomhlánú*

Cén fáth a lorgaímid na sonraí sin?
Tá taifead custaiméara ag gach custaiméir den Roinn, lena n-áirítear cuideachtaí, ar bhunachar sonraí ríomhaire na Roinne ar a dtugtar an Córas Bainistíochta Custaiméirí Corparáideacha (CCM). Is córas láraithe é sin lena gcinntítear go gcoimeádtar sonraí custaiméara cruinn agus cothrom le dáta.
Lorgaímid na sonraí sin chun a chinntiú go gcuirfear mionsonraí do chuideachta go cruinn ar CCM.

An bhfuil bunús dlí ann chun go lorgóidh an Roinn na sonraí sin?
Tá na sonraí pearsanta uile a bhailíonn an Roinn i gcomhréir lenár n-oibleagáidí reachtúla agus i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha maidir le Cosaint Sonraí.

An bhfuil mé i dteideal cóip a fháil de shonraí mo chuideachta a choimeádtar ar CCM?
Tá, tá tú i dteideal cóip de shonraí do chuideachta a choimeádtar ar CCM a fháil. Is féidir leat cur isteach ar an méid sin a fháil ach scríobh chuig an Aonad um Chosaint Sonraí. Is féidir go ngearrfar táille €6.35 ar na hiarrataí sin. Is féidir teacht ar eolas breise ar an leathanach maidir le Cosaint Sonraí ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie - Cosaint Sonraí (www.gov.ie)

Má fheicim go bhfuil sonraí maidir le mo chuideachta ar CCM mícheart, an féidir liom an méid sin a cheartú?
Is féidir, tá tú i dteideal aon earráidí a cheartú ach scríobh chuig Rannóg Riaracháin CCM, Tithe an Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán H12 D459 nó ríomhphost a chur chuig ccsadmin@agriculture.gov.ie.

An féidir liom sonraí mo chuideachta a sheiceáil má tá siad cláraithe do Sheirbhísí ar Líne na Roinne?
Is féidir, is féidir leat sonraí do chuideachta a sheiceáil nuair a logálann tú isteach ar chuntas Seirbhísí ar Líne do chuideachta.

Conas is féidir liom a bheith cinnte go bhfuil sonraí mo chuideachta á gcoinneáil go slán ar CCM agus go gcoimeádfar faoi rún iad?
Tá an Roinn aicmithe mar Rialaitheoir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus, dá bhrí sin, ní mór di cloí le ceanglais rialála lena leagtar amach conas ba cheart di eolas pearsanta a bhailiú, a úsáid agus a chosaint. Ní féidir ach le foireann na Roinne a éilíonn rochtain ar do thaifead ina gnáthobair sonraí do chuideachta a rochtain ar CCM.

Déanfar an fhoirm sin ina bhfuil sonraí do chuideachta a stóráil go slán agus ansin cuirfear de láimh í trí stialladh rúnda.

An gcomhroinntear sonraí mo chuideachta ar CCM le tríú páirtithe lasmuigh den Roinn?
Comhroinntear, féadfar sonraí do chuideachta a chomhroinnt le Ranna/Gníomhaireachtaí eile chun críoch lena n-áirítear fíorú ID nó cúiseanna staidrimh agus déanfar sin i gcomhréir lenár n-oibleagáidí maidir le Cosaint Sonraí faoin reachtaíocht reatha maidir le Cosaint Sonraí.

FOIRM CHLÁRAITHE CUSTAIMÉIRÍ CCM – DUINE AONAIR (CCM CR/IL)

LE COMHLÁNÚ AG AN gCUSTAIMÉIR

*Uimh. PSP		
*TEIDEAL:	*CÉADAINM:	*SLOINNE:
IARMHÍR:	*INSCNE:	
Ainm a Thugtar ort: (más éagsúil leis an gcéadainm thuas)	*Sloinne Breithe na Máthar:	
*DÁTA BREITHE:	TEASTAS BREITHE TAISPEÁNTA: TÁ/NÍL	
*NÁISIÚNTACHT:	*TEANGA:	
STÁDAS (CHUN CRÍOCH STAIDRIMH): PÁIRTAIMSEARTHA ☐	FEIRMEOIR LÁNAIMSEARTHA ☐ DUINE NACH FEIRMEOIR ☐	FEIRMEOIR
*SEOLADH POIST:	*SEOLADH GNÓ (más éagsúil)	
Éirchód: ☐☐☐ ☐☐☐☐	Éirchód: ☐☐☐ ☐☐☐☐	
Uimh. Theileafóin:	Uimh. Facs:	
Uimh. Fóin Póca:	Seoladh Ríomhphoist:	
SONRAÍ IMRÉITIGH CÁNACH: ***Rochtana agus TRN do eTC)***		***(Éilítear Cód***
Uimhir CBL (más infheidhme):		
An bhfuil tú faoi dhliteanas i leith: Cáin Shiarchoinneálach ☐		Cáin Conartha Ábhartha ☐
ID REATHA AN GHNÓLACHTA NÓ RÓL LEIS AN ROINN:		
Síniú:		
Dáta:		

Comhlánaigh an fhoirm seo ina hiomláine agus cuir í ar ais go **Rannóg TAMS 3, Infheistíochtaí ar an bhFeirm, Eastát Chaisleán Sheáin, Loch Garman**. Is féidir Foirmeacha Comhlánaithe a sheoladh ar ais freisin mar ríomhphost chuig: TAMScontractors@agriculture.gov.ie . Cuir isteach sonraí bainc, le do thoil, má bheartaíonn tú íocaíochtaí a fháil ón Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara.

**Tá aon réimse a chuirtear in iúl le réiltín éigeantach agus ní mór é a chomhlánú*

Fógra um Chosaint Sonraí

1. Tá na sonraí pearsanta a lorgaítear uait ag teastáil chun críocha do shonraí a chur isteach i gCóras Custaiméara Chorparáidigh (CCM) RTBM. Mura soláthraíonn tú na sonraí pearsanta uile a éilítear chun éascaíocht a dhéanamh do do chuid sonraí a chur isteach ar CCM, ní bheidh RTBM in ann gnó a dhéanamh leat.

2. Do chustaiméirí atá ag soláthar don Roinn, is é an bonn dlí leis na sonraí pearsanta a phróiseáil ná Airteagal 6(1) (b) de Rialachán (AE) 2016/79 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) i.e. tá próiseáil riachtanach le haghaidh fheidhmiú conartha ina bhfuil an duine is ábhar do na sonraí nó chun céimeanna a ghlacadh ar iarratas an duine is ábhar do na sonraí roimh chonradh a dhéanamh. Do chustaiméirí a íocann an Roinn, is é an bunús dlí le haghaidh próiseála Airteagal 6(1)(c) den Rialachán céanna i.e., tá gá le próiseáil chun go gcomhlíonfar oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir.

3. Soláthar sonraí ina oibleagáid reachtúil nó conarthach:
Tá na sonraí a sholáthraítear chun na críche sin á n-iarraidh faoi oibleagáid chonarthach i gcásanna ina n-eisíonn RTBM íocaíochtaí **nó** mar ní lena bhfuil gá chun go mbaileofar rátaí, dolaí nó muirir eile a fhorchuirtear faoi aon Acht nó Ionstraim Reachtúil a riarann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

4. Comhroinnfear an t-eolas a sholáthraítear ar an bhfoirm seo le Réimsí Gnó eile laistigh den Roinn chun íocaíochtaí a éascú agus a phróiseáil nó muirir a bhailiú ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil. Tá oibleagáid ar RTBM freisin de réir an dlí sonraí a sholáthar, arna iarraidh sin, don Phríomh-Oifig Staidrimh faoi Alt 30 den Acht Staidrimh 1993, don Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) faoi Alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 (arna leasú) agus do na Coimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána, agus comhlachtaí eile, i gcomhréir le hAlt 8 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Le tabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí i mí na Bealtaine 2018 agus aon reachtaíochta náisiúnta eile maidir le Cosaint Sonraí, féadfar na ceanglais agus an bunús reachtach a athrú le haghaidh na n-iarrataí sin.

5. Ní choinneoidh RTBM na sonraí a chuirtear isteach ach fad atá gá leis sin ó thaobh gnó de i gcomhréir leis na críocha dar bailíodh iad. Tar éis an trátha sin, marcálfar iad lena scriosadh agus scriosfar iad i gcomhréir le treoirlínte inmheánacha nó treoirlínte le haghaidh scriosta a fhaightear ón Oifig Cartlainne Náisiúnta nó ceadanna gaolmhara a fhaightear uaithi.

6. Tá cearta cosanta sonraí ag gach duine aonair, a feabhsaíodh a thuilleadh le tabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) atá éifeachtach ón 25 Bealtaine 2018. Is éard atá i gceist leis na cearta sin, i gcás inarb infheidhme:

- Ceart chun a shonraí nó a sonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a scriosadh
- Ceart chun próiseáil a shrianadh
- Ceart chun cur i gcoinne toiliú le próiseáil nó lena tharraingt siar
- Ceart chun iniomparthacht sonraí
- Ceart chun gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí *https://www.dataprotection.ie*

Tá tuilleadh eolais le fáil anseo – gov.ie - Cosaint Sonraí (www.gov.ie)

7. Tá Aire RTBM, mar eintiteas dlíthiúil ar an Rialaitheoir Sonraí chun na sonraí pearsanta uile a bhailiú agus a phróiseáil sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

8. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí i ndáil le haon cheann de do chearta mar atá leagtha amach thuas:
An tOifigeach Cosanta Sonraí, An tAonad um Chosaint Sonraí, Gnóthaí Corparáideacha, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Pailliún A, Páirc Ghnó Grattan, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. R32 K857.
Ríomhphost: dataprotectionofficer@agriculture.gov.ie

9. Tá eolas teicniúil maidir leis na fianáin a úsáidtear ar shuíomh gréasáin na Roinne le fáil ag an nasc seo a leanas:
gov.ie - Beartas Príobháideachais (www.gov.ie)

IARSCRÍBHINN F

HEALTH AND SAFETY

BILEOG EOLAIS CLIAINT

Leis an treoir seo mínítear i dtéarmaí praiticiúla cad é nach mór duit a dhéanamh más Cliant tú ag a bhfuil obair thógála á coimisiúnú chun dualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

1. Cad is Cliant ann?

Is éard is 'Cliant' ann aon duine a choimisiúnaíonn nó a thugann faoi thionscadal tógála a chur i gcrích. Cuimsíonn **Tionscadal** na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, deartha, pleanála agus tógála. Sainmhínítear '**Tógáil**' go ginearálta agus áirítear leis; cothabháil infheistíochta, deisiú, athmhaisiú, feistiú, athrú, glanadh struchtúrach chomh maith le hinnealtóireacht shibhialta agus obair tógála innealtóireachta.

2. An Cliant mise?

Seo a leanas samplaí de Chliaint:

- Úinéir tí tábhairne a fhostaíonn conraitheoir chun obair dheisiúcháin nó chothabhála a dhéanamh ar a áitreabh nó a háitreabh
- Feirmeoir a thógann seid eallaigh nó bleánlann
- Aon duine atá ag tógáil tí nó a bhfuil obair thógála á déanamh ar a theach nó a teach
- Aon duine a shíneann monarcha, ollmhargadh, nó foirgneamh eile
- Aon duine a fhostaíonn conraitheoir chun seirbhísí foirgníochta (meicniúla, leictreacha etc.) a choimisiúnú, a dhíchoimisiúnú, a dhíchóimeáil nó a dheisiú, rudaí atá daingnithe le hinfheistíocht go hiondúil.

Cad iad na Rialacháin a bhfuil feidhm acu maidir liom?

Tagann na dualgais atá ar an gCliant ó na Rialacháin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013. Is ann do dhualgais freisin le haghaidh obair thógála faoi Alt 17 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

3. Cad é nach mór dom a dhéanamh i mo cháil mar Chliant?

1. Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) a cheapadh, i scríbhinn, sula dtosaíonn an obair
2. Maoirseoir Tionscadail inniúil le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS) a cheapadh, i scríbhinn, sula dtosaíonn an tógáil
3. A bheith sásta go bhfuil gach dearthóir, conraitheoir agus maoirseoir tionscadail a cheaptar inniúil chun an obair a dhéanamh agus go bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha aige chun í a chur i gcrích ar bhealach slán
4. Comhoibriú leis an Maoirseoir Tionscadail agus an t-eolas is gá a sholáthar
5. An Comhad Sábháilteachta a choinneáil agus a chur ar fail don infheistíocht chríochnaithe
6. Cóip den phlean sábháilteachta agus sláinte arna ullmhú ag PSDP a sholáthar do gach duine atá ag cur tairiscint isteach ar an tionscadal. I gcás tionscadal ar theaghais chónaithe an duine féin is leor an plean sábháilteachta agus sláinte, agus sin amháin, a sholáthar don PSCS nuair a cheaptar é nó í.
7. Fógra a thabhairt don Údarás maidir le ceapadh PSDP i gcás ina bhfuil an tógáil sceidealaithe le dul ar aghaidh ar feadh níos mó ná 500 lá duine nó 30 lá oibre (féach foirm AF1)
8. Méid réasúnta ama a cheadú chun an tionscadal a chur i gcrích go slán

4. Cathain nach mór dom Maoirseoirí Tionscadail a cheapadh?

Ní mór duit Maoirseoirí Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) a cheapadh sula dtosaíonn an obair agus Maoirseoir Tionscadal le haghaidh Chéim na Tógála (PSCS) sula dtosaíonn an obair thógála, chun an dearadh agus an tógáil a chomhordú. Ní mór dóibh a admháil i scríbhinn go nglacann siad leis an gceapachán. Ní féidir ach PSDP agus PSCS amháin a bheith ann do thionscadal amháin aon tráth ar leith.

Ní gá duit Maoirseoirí Tionscadail a cheapadh más rud é:

- nach bhfuil ach conraitheoir amháin bainteach agus;
- nach maireann an tionscadal níos faide ná 30 lá nó 500 lá duine agus:
- nach bhfuil *riosca ar leith* ag baint leis an obair

Ar na samplaí de riosca ar leith áirítear: Oibriú i dtrinsí agus tochaltáin doimhne, titim ó airde i gcás ina bhfuil riosca trom díobhála, úsáid substaintí ceimiceacha nó bitheolaíocha ann, lena n-áirítear obair lena mbaineann aispeist, obair le radaíocht ianúcháin (scrúdú x-gha ar ailt struchtúracha etc.) obair gar do línte cumhachta ardvoltais, obair thar uisce nó gar dó, obair i spásanna teoranta, neamhaeráilte, obair a dhéanann tiománaithe agus córas soláthair aeir á úsáid, obair in atmaisféar aeir chomhbhrúite, obair lena mbaineann cóimeáil nó díchóimeáil comhpháirteanna réamhdhéanta troma.

5. Cé atá in ann gníomhú mar Mhaoirseoir Tionscadail agus conas is féidir liom a thuiscint go bhfuil siad inniúil?

Agus ceapacháin Maoirseoirí Tionscadail á ndéanamh, ní mór duit féin a bheith sásta go bhfuil na daoine a cheaptar inniúil chun na dualgais a dhéanamh faoi na Rialacháin.
Is gá duitse, i do cháil mar Chliant, fiosruithe réasúnta a dhéanamh chun a sheiceáil go bhfuil an duine nó an chuideachta atá le ceapadh mar PSDP nó PSCS in ann freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh. Féadfar dearthóir nó conraitheoir a cheapadh fad atá sé nó sí inniúil. Beidh méid na bhfiosruithe sin ag brath ar scála, castacht agus guaiseacha an tionscadail agus aon rioscaí ar leith agus féadfar a áireamh orthu fiosrú a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas, gan bheith teoranta dó sin áfach:

- Ballraíocht i gcomhlachtaí gairmiúla;
- Eolas ar dhearadh agus tógáil, go háirithe i ndáil le cineál an tionscadail;
- Cáilíochtaí sábháilteachta agus sláinte, oiliúint (e.g., céim, dioplóma, teastas, forbairt ghairmiúil leanúnach);
- Taithí sábháilteachta agus sláinte ar thionscadail chomhchosúla (e.g., eolas ar Chomhad Sábháilteachta a ullmhú).
- Foireann leordhóthanach ag a bhfuil cáilíochtaí, oiliúint agus taithí, laistigh den chuideachta agus ó fhoinsí eile araon, atá ábhartha maidir leis an tionscadal;
- Fianaise ar chóras bainistíochta sábháilteachta feidhmiúil.
- Fianaise ar Chomhlíontacht Rialála.

6. Cad é nach mór do na Maoirseoirí Tionscadail a dhéanamh?

Ní mór do Phróiseas Deartha Maoirseoirí Tionscadail:

- Na bearta rialaithe is gá a chur in iúl, in éineacht le toimhdí maidir le dearadh, nó na rioscaí atá fós ann do PSCS, ionas gur féidir plé leo sa Phlean Sláinte agus Sábháilteachta;
- A chinntiú go ndéantar obair na ndearthóirí a chomhordú chun sábháilteacht a chinntiú;
- Comhoibriú idir dearthóirí a eagrú;
- Plean sábháilteachta agus sláinte i scríbhinn a ullmhú d'aon tionscadal ina dtógfaidh an tógáil níos mó ná 500 lá duine nó 30 lá oibre nó a bhfuil Riosca ar Leith ann agus é a chur ar fáil don chliant roimh an tairiscint;
- Comhad sábháilteachta a ullmhú don infheistíocht chríochnaithe agus é a thabhairt don chliant;
- Féadfaidh an PSDP ordacháin a eisiúint do dhearthóirí nó conraitheoirí nó daoine eile;
- Fógra a thabhairt don Údarás agus don chliant maidir le neamhchomhlíonadh aon treoracha i scríbhinn a eisíodh.

Ní mór don Mhaoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim an Deartha:

- Cur chun feidhme na rialachán tógála, arna dhéanamh ag conraitheoirí, a chomhordú;
- Comhar idir conraitheoirí agus soláthar eolais a eagrú;
- Tuairisciú timpistí don Údarás a chomhordú;
- Fógra a thabhairt don Údarás sula dtosaíonn tógáil i gcás ina bhfuil an tógáil sceidealaithe le dul ar aghaidh ar feadh níos mó ná 500 lá duine nó 30 lá oibre;
- Eolas a sholáthar d'ionadaí sábháilteachta an láithreáin;
- Seiceáil nósanna imeachta oibre slána a chomhordú;
- Bearta a chomhordú chun iontráil neamhúdaraithe ar an láithreán a shrianadh;
- Soláthar agus cothabháil saoráidí leasa a chomhordú;
- Socruithe a chomhordú chun a chinntiú go mbeidh cárta Feasachta Sábháilteachta ag oibrithe ceirde, oibrithe tógála ginearálta agus oibrithe slándála, e.g., Pas Slán agus cárta Scileanna Tógála i gcás inar gá;
- Ceapadh ionadaí sábháilteachta láithreáin a chomhordú

- Comhairleoir sábháilteachta a cheapadh i gcás inarb ann do níos mó ná 100 duine ar an láthair;
- An t-eolas uile is gá maidir le comhad sábháilteachta a sholáthar don PSDP;
- Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh conraitheoirí agus daoine eile agus gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh i gcás inar gá;
- Féadfaidh an PSCS ordacháin a eisiúint do dhearthóirí nó conraitheoirí;
- Fógra a thabhairt don Údarás agus don chliant maidir le neamhchomhlíonadh aon treoracha i scríbhinn a eisíodh.

7. Cad é nach mór dom a dhéanamh leis an bPlean Sábháilteachta agus Sláinte i mo cháil mar Chliant?

Ní mór don chliant a chinntiú go bhfaighidh gach duine atá á mheas do ról an Mhaoirseora Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta, nó ag a bhfuil tairiscint á cur isteach lena aghaidh, cóip den phlean sábháilteachta agus sláinte. Is é is cuspóir dó aon saincheisteanna sábháilteachta agus sláinte a bhaineann go sonrach leis an tionscadal sin a "lua", ag céim luath. I gcás tionscadal ar theaghais chónaithe an duine féin is leor an plean sábháilteachta agus sláinte, agus sin amháin, a sholáthar don PSCS nuair a cheaptar é nó í.

8. Cad é atá i gceist leis an gComhad Sábháilteachta?

Is éard atá sa Chomhad Sábháilteachta príomhdhoiciméad atá beartaithe le haghaidh sábháilteacht úsáideoirí deiridh na hinfheistíochta nó iad sin a chuirfidh síneadh leis an infheistíocht amach anseo nó a choinneoidh ar bun í. Ní mór don PSDP an Comhad Sábháilteachta a ullmhú agus a thabhairt don Chliant tráth an chur i gcrích, ní mór duitse i do cháil mar Chliant an Comhad Sábháilteachta a choimeád agus é a chur ar fáil nuair is gá e.g. do dhearthóirí ina dhiaidh sin nó conraitheoirí a thugann faoi chothabháil nó athchóiriú na hinfheistíochta, nó é a chur ar aghaidh chuig aon úinéir nua ar an infheistíocht thógtha.
Má dhíolann tú, i do cháil mar chliant, do leas san infheistíocht, nó má fhaigheann tú réidh leis ar shlí eile, ní mór duit an Comhad Sábháilteachta a chur ar aghaidh chuig an úinéir nua. I gcás ina bhfaigheann Cliant réidh lena leas i gcuid d'infheistíocht nó forbairt, ní mór duit an roinn ábhartha den Chomhad Sábháilteachta a chur ar aghaidh don chuid ábhartha. D'fhéadfadh an méid sin tarlú i gcás ina ndíoltar urlár oifige foirgnimh, nó ina ndíoltar teach nó roinnt tithe in eastát nua. Ní mór don duine a fhaigheann an Comhad Sábháilteachta é a choimeád ar fáil lena iniúchadh.

Cén áit ar féidir liom teacht ar níos mó eolais?

Tá tuilleadh eolais lena n-áirítear na Treoirlínte i ndáil leis na Rialacháin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) le fáil ag www.hsa.ie

Foilsithe i mí Iúil 2007 (uasdátaithe 2016) ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Foirgneamh Meitreapholaiteach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1
© Gach ceart ar chosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, ná a tharchur in aon fhoirm nó ar aon mhodh, leictreonach, meicniúil, fótachóipeála, taifeadta nó ar shlí eile, gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta HSA0224

IARSCRÍBHINN G

Sonraí Teagmhála

Ba cheart fiosruithe de chineál teicniúil a bhaineann leis na sonraíochtaí a chur isteach mar ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas tams@agriculture.gov.ie. Tá uimhir líne cabhrach theicniúil 053 9114181 is ar fáil idir 10.00 r.n. agus 12.30 i.n. agus 2.00 i.n. agus 4.30 i.n. ó Luan go hAoine taobh amuigh de laethanta saoire poiblí.

Le haghaidh gach fiosrú TAMS eile, déan teagmháil le Rannóg Riaracháin TAMS 3 ar 053 9163425.

Is féidir le conraitheoirí a eTC agus a gcód rochtana a chlárú ach ríomhphost a chur chuig TAMScontractors@agriculture.gov.ie.

IARSCRÍBHINN H

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

'The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas'.

TAMS 3 - IARRATAS CHUN SONRAÍ IARRATASÓRA TAMS 3 A LEASÚ

Ná comhlánaigh an fhoirm seo ach amháin má tá formheas nó formheasanna nó Íocaíocht TAMS agat cheana agus go bhfuil an gabháltas á aistriú chuig eintiteas eile (Duine Aonair, Comhpháirtíocht nó Cuideachta) agus gur mian leat na Formheasanna/na hÍocaíochtaí TAMS 3 reatha uile a aistriú

Comhlánaigh roinn A agus B go hiomlán

Roinn A – Iarratasóir atá ann cheana - (comhlánaithe ag iarratasóir atá ann cheana)

ID TAMS 3: _____

Dáta aistrithe: _____

Comhaontaím/comhaontaímid leis na formheasanna nó na híocaíochtaí uile a eisíodh faoi scéimeanna TAMS 3 a aistriú chuig an eintiteas (Duine Aonair, Comhpháirtíocht nó Cuideachta) atá mionsonraithe thíos. Comhaontaím/comhaontaímid le hinfheistíocht nó infheistíochtaí a aistriú chuig an eintiteas nua. Tuigim/tuigimid go ngéillim/go ngéillimid na cearta agus na híocaíochtaí uile amach anseo faoin scéim.

Sínithe _____ Dátaithe _____/_____/_____

Sínithe _____ Dátaithe _____/_____/_____

Roinn B – Iarratasóir Ionadaí (comhlánaithe ag iarratasóir éagsúil nó iarratasóir ionadaí)

Ainm: _____

Uimhir Chomhpháirtíochta (más ábhartha): _____

Seoladh: _____

Comhaontaím/comhaontaímid le formheas/íocaíocht a aistriú ón iarratasóir bunaidh. Glacaim/glacaimid le hinfheistíocht nó infheistíochtaí a aistriú ón iarratasóir bunaidh.

Léigh mé/léamar agus tuigim/tuigimid coinníollacha scéimeanna TAMS 3 agus comhaontaím/comhaontaímid leis na téarmaí agus coinníollacha sin a urramú agus le bheith faoina gceangal

Sínithe _____ Dátaithe _____/_____/_____

Sínithe _____ Dátaithe _____/_____/_____

Má tá aistriú á dhéanamh chuig cuideachta, ní mór duit do dhoiciméid chuideachta i.e. Deimhniú Corpraithe, le Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais/Bunreacht Aon Doiciméid Amháin a chur isteach

Cuir an fhoirm seo ar ais mar ríomhphost (ceangaltán) chuig tamsrole@agriculture.gov.ie
nó tríd an bpost chuig: Rannóg TAMS, Rannán OFI, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman

Tá an Scéim seo á cistiú ag Rialtas na hÉireann agus á páirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) faoin bPlean Forbartha Tuaithe 2014-2020.

IARSCRÍBHINN I

Barra Incháilithe

Eorna - Earrach
Eorna - Geimhreadh
Pónairí - Earrach
Pónairí - Geimhreadh
Borráiste Gorm
Caimilín
Prátaí Luatha
Féar Bliain 1
Féar Bliain 1 MSS
Féar Bliain 2
Féar Bliain 2 MSS
Féar Bliain 3
Féar Bliain 3 MSS
Cnáib
Ros Lín
Lúipíní
Prátaí Príomhbhairr
Muiléad
Mustard
Coircí - Earrach
Coircí - Geimhreadh
Ráib Olashíol - Earrach
Ráib Olashíol - Geimhreadh
Piseanna
Próitéin/Gránach meascán 50/50
Cuineo
Seagal
Prátaí Síl
Pónairí soighe
Triteacáil
Peasair
Cruithneacht - Earrach
Cruithneacht - Geimhreadh
Biatas Farae
Biatas Siúcra